Bord Bia
Irish Food Board

Tuarascáil Bhliantúil 2006



Ár Misean

Rathúlacht thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ar chaighdeán den scoth a thiomáint trí fhorbairt straitéiseach margaidh, tionscnamh agus seirbhísí eolais a chur ar fáil.

Ár Seirbhísí

Is féidir ár seirbhísí do thionscail bia, dí agus ghairneoireachta a bhriseadh síos go ceithre phríomhréimse…



Margaíocht

Oibríonn Bord Bia le cuideachtaí Éireannacha le díriú ar bhealaí chun margaidh – míondíol, seirbhís bhia nó déantúsaíocht.

Tionscnamh

Seachadann Bord Bia clár cuimsitheach tionscnaimh a cheaptar chun cumas tionscail bia, dí agus ghairneoireachta na hÉireann a chur in iúl don trádáil agus do chustaiméirí.

Forbairt

Tairgeann Bord Bia raon seirbhísí forbartha margaidh do chuideachtaí sná hearnálacha feola, déiríochta, bia tomhaltóirí, comhábhar agus deochanna, gairneoireachta agus gnónna beaga agus bia speisialtachta.

Eolas a thabhairt

Tá Bord Bia ag leathnú go mór a chumas eolais chun léargas agus anailís a chur ar fáil faoi mhargaí idirnáisiúnta bia agus dí dá gcliaint.

Ábhair

Figiúirí maidir le hOnnmhairíocht	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	10
Ráiteas faoi Fhreagracht Chorparáideach	38
Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais Inmhéanach	40
Bord Bia – An Bord	41
Struchtúr na hEagraíochta	46
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	48
Ráiteas de Pholasaithe Cuntasaíochta	49
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	51
Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	52
Clár Comhardaithe	53
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	54
Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais	55
Íocaíochtaí maidir le Deontais Airgid Mhargaíochta 2006	65

Cur i láthair don Aire Talmhaíochta agus Bia

De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, ní mór don Bhord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais a chur faoi bhráid an Aire don tréimhse 12 mí dár chríoch 31 Nollaig 2006.

Angela Kennedy
Cathaoirleach

Figiúirí maidir le hOnnmhairíocht

Onnmhairiú Bia agus Dí as Éirinn de réir na hEarnála (€m)

	2005 €m	2006 (p) €m	% Athraithe 06/05
Táirgí Déiríochta	1936	2076	7.2
Bia Ullmhaithe	1558	1713	9.9
Mairteoil	1360	1550	14.0
Deochanna	1083	1385	27.9
Bia Mara	354	356	0.6
Éanlaith	249	240	-3.6
Muiceoil	237	223	-5.9
Caoireoil	197	186	-5.6
Toradh Inchaite Gairneoireachta	228	219	-3.9
Ainmhithe Beo	150	200	33.3
Iomlán Bia agus Dí	**7352**	**8148**	**10.8**

Onnmhairiú Bia agus Dí as Éirinn (€m)



Ráiteas an Chathaoirligh

An tionscal bia, dí agus gairneoireachta atá tugtha chun cinn againn, is mó an acmhainn atá ann ná mar a bhí riamh, is fairsinge an réim atá faoi agus is díocasaí atáthar i mbun cuspóirí ardéilimh a bhaint amach. Rinneadh onnmhairiú as Éirinn ar luach níos mó ná €8 billiún bia agus dí go dtí 170 tír éagsúil i rith na bliana 2006. Ó tharla go mbaineann isteach agus amach le 45% de tháirgíocht uile bhia talmhaíochta na hÉireann le honnmhairiú go dtí an Ríocht Aontaithe, is díol suntais gur in Éirinn a táirgíodh an dá bhranda miondíolacháin is tréine a raibh borradh fúthu sa Ríocht Aontaithe anuraidh agus gur as Éirinn a rinneadh an mhargaíocht ina leith.



Angela Kennedy,
Cathaoirleach, Bord Bia

Tá tionscail bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ar an réimse is leithne den bheartaíocht eacnamaíochta dúchasach agus is léi a bhaineann os cionn 50% den onnmhairíocht ó chomhlachtaí dúchasacha na tíre. Is le toradh na hearnála seo a chuirtear ionann agus 9% den Olltáirge Baile ar fáil chomh maith le 158,000 post a bhaineann go díreach leis an earnáil, líon is ionann agus 8% den fhostaíocht iomlán sa tír; tá olltábhacht dá bhrí sin leis an earnáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta arna meas de réir gach slat tomhais. Bíonn tionchar agus éifeacht lena ndéantar agus a mbaintear amach san earnáil i ngach cuid de shaol na tíre agus is mór i gceist í maidir leis an bhforbairt réigiúnach agus cúrsaí inmharthanachta; agus, anuas air sin, ó tharla gur tionscal dúchasach atá inti ar beag an ghné allmhairíochta atá i gceist léi, is mó an luach glan a bhíonn de bhuntáiste aisti ná as earnálacha eile.

Cruthaíodh go maith le honnmhairíocht bia agus dí as Éirinn i rith na bliana 2006 agus sáraíodh luach €8 billiún den chéad uair riamh. Tharla an forás sin i gcomhthéacs lenar bhain coimhlint ghéar seasta, treisiú ar luach an euro i gcomparáid le dollar na Stáit Aontaithe agus soláthraithe nua ag teacht go láidir ar an bhfód i gcás réimsí táirge mórthábhachta. Go ginearálta, tháinig ardú measta 11%, nó €786 milliún, ar luach na honnmhairíochta sa bhliain 2006 ionas gur baineadh amach an bhuaicluach thagartha nua. Is soiléiriú breise ar a fheabhas a cruthaíodh leis seo a thabhairt san áireamh nach raibh d'ardú i gceist leis an onnmhairíocht iomlán ar tháirgí uile na hÉireann sa bhliain 2006 ach ardú 2%.

Is tionscal olltábhachtach go náisiúnta atá i dtionscal an bhia, na dí agus na gairneoireachta, arna n-áireamh in éineacht, agus tá deiseanna suntasacha agus dúshláin mhóra ag baint leo. Fágann an t-athstruchtúrú ar an gComhbheartas Talmhaíochta, Díchúpláil agus idirbheartaíocht taobh istigh den Eagraíocht Trádála Domhanda, chomh maith le tréith fhorchríochaithe thionscal an bhia a bheith ag dul i dtreis i gcónaí, nach bhfuil ní níos cinnte ná go leanfaidh athrú ag teacht agus sinn ag sárú na ndúshlán agus ag tapú na ndeiseanna a chuirfear romhainn agus roimh na ndreamanna atá ag iomaí linn. Is ináirithe go mbeadh an idirbheartaíocht san Eagraíocht Trádála Domhanda (atá ar fionraí faoi láthair) ina siocair ag athrú suntasach agus go mbeadh tionchar aige ar an acmhainn iomaíochta a bhaineann le táirgí bia agus dí de chuid na hÉireann i margaí onnmhairíochta. Gan bheann ar thoradh na hidirbheartaíochta sin, is gaire dúinn an tráth a dtarlóidh léirscaoileadh trádála rud a fhágann níos lú ama ag lucht tionsclaíochta in Éirinn ullmhú a dhéanamh d'iomaíocht níos géire tar éis comhaontaithe nua. Ina fhianaise sin, is mó práinne ná riamh atá le breis éifeachtachta a bhaint amach, sárchumas nuála a thabhairt chun cinn agus an dlús cinniúnach a bhaint amach.

Ar an leibhéal domhanda, tá borradh láidir i gcónaí faoin eacnamaíocht idirnáisiúnta ar fud na bpríomhréigiún ar fad. Ba í an bhliain 2006 an ceathrú bliain as a chéile den bhorradh láidir domhanda sin ach is léir níos mó brú boilscithe a bheith ag baint le go leor tíortha. Goilleann brú maidir le costais in eacnamaíocht na hÉireann (costais saothair, costais fóntas agus an gnáthchostas maireachtála) ar thréith an iomaíochais maidir le táirgí bia agus dí de chuid na hÉireann a onnmhairítear i gcomparáid le soláthraithe eile ar minic iad ag feidhmiú i dtimpeallacht ar ísle na costais iontu. Is iondúil iomaíocht ghéar maidir le costais i margadh bia na Ríochta Aontaithe agus brú seasta ag lucht miondíolacháin ar na soláthraithe. Is don Ríocht Aontaithe a sheoltar 45% de tháirgí bia talmhaíochta onnmhairíochta na hÉireann faoi láthair agus, dá bhrí sin is margadh é a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis.

Angela Kennedy, Cathaoirleach, Bord Bia in éineacht le Príomhchócaire Chorn Ryder Frank Coughlan. D'fhógair Bord Bia go mbainfidh níos mó ná 40 soláthróir bia agus dí Éireannacha leas as orduithe arb fhiú nach mór €2 milliún iad ó chuideachtaí corparáideacha fáilteachais agus cuideachtaí poiblí lónadóireachta de chuid Chorn Ryder.

Seimineár Margaidh Feola Bhord Bia – sa phictiúr ó chlé tá Jean Luc Mériaux, Ard-Rúnaí UECBV; Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach, Bord Bia agus Tom Moran, Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta agus Bia. Labhair Aoíchainteoirí le hionadaithe ón tionscal bia ar impleachtaí WTO, ábhair a bhaineann le treochtaí feola agus miondíola chomh maith le ceisteanna sábháilteachta bia agus ar thimpeallacht próiseála feola san Eoraip atá ag athrú. Thug cainteoirí Bhord Bia forbhreathnú ar dhearcadh an mhargaidh i leith na n-earnálacha mairteola, muiceola agus uaineola i 2006 chomh maith le forbhreathnú ar a chlár don bhliain amach romhainn.

Leag urraíocht Bhord Bia ar Chorn Ryder béim ar bhranda "Éire, Oileán an Bhia" do 1 billiún lucht féachana ar fud an domhain.

Déanann Bord Bia mar a oireann sa timpeallacht dhúshlánach so-athraitheach seo. Déantar leasú, forbairt agus sainchóiriú ar na seirbhísí agus ar na cláir ionas go dtugtar i gcrích an ní is gá chun na geallsealbhóirí a choinneáil ar bhóthar an fhoráis iomaíochta. Rinneadh athbhreithniú arís le bliain anuas ar an straitéis atá againn, mar chuid de phlean straitéise ar bhonn atrátha lena mbaineann próiseas leanúnach athchóirithe ar chláir agus ar acmhainní chun cinntiú go mbíonn siad oiriúnach agus éifeachtach ó thaobh costais de i gcónaí. Leanfar, ar ndóigh, den phróiseas sin i rith na bliana 2007 agus ina dhiaidh sin. Táthar dúthrachtach maidir leis na dúshláin fhorbairt eagraíochta a chuirtear romhainn maidir le feabhsú ó thaobh acmhainne agus cumais agus fónamh a dhéanamh do na geallsealbhóirí trí fhéachaint i gcónaí le buaicmharcanna tagartha níos airde a shárú. Ní mór sin a bheith de rún uileghabhálach ag an mBord Bia agus ar an ní a mbeadh na geallsealbhóirí ar fad ag súil leis ón mBord – ní dhéanfaidh aon rud níos fusa ná sin cúis.

Ba ghnóthach an bliain í maidir le mórthograí nua de chuid an Bhord Bia nó dul chun cinn suntasach le tograí a rabhthas ina mbun cheana, iad ar fad mar chuid den chlár leathanréimseach a ndéantar a bhainistiú as an gCeannoifig i mBaile Átha Cliath agus gréasán na hOifige Eachtraí. Bhí Seirbhísí Margaíochta Corparáideacha, Feoil agus Beostoc, Bia an Tomhaltóra, Táirgí Déiríochta agus Deochanna, Gnóthais Bheaga & Bianna Speisialta, Seirbhísí Imeachtaí, Seirbhísí Eolais agus Mol an Eolais san áireamh leo sin. Cé go bhfágaim faoin bPríomh-Fheidhmeannach déileáil leis an gclár suntasach sin sa Tuarascáil seo, ba mhaith liom roinnt tograí a phlé anseo.

Ba í an bhliain 2006 an bhliain a raibh an Corn Ryder in Éirinn, ócáid mhórchlú nach n-imeoidh as cuimhne dhaoine agus ócáid a chuaigh i gcion go mór ar dhaoine ar fud an domhain. Bhí sin ar cheann de na bearta tús áite againn. Ba mhór againn cuairt an Taoisigh orainn ag an K Club chomh maith le cuairt an Aire Uí Chochláin i gcuideachta Mariann Fischer Boel agus cuairt Airí eile de chuid an Rialtais. Bhí sé ar an mbeart urraíochta ab airde cuspóir faoina dtug an eagraíocht riamh agus é dírithe ar an gcoincheap go mba ceangal an féar glas idir an galf agus tionscail bhia, dí agus gairneoireachta na hÉireann. D'fhonn an bhuntáiste ba mhó ab fhéidir a bhaint as an ócáid, rinneadh forbairt ar straitéis dianmhargaíochta agus bholscaireachta a thabharfadh i gcrích an dá phríomhaidhm a bhí leis an mbeart urraíochta:

Cur leis an nGnó a dhéanann Tionscail Bhia, Dí agus Gairneoireachta na hÉireann

agus

Cur leis an Tuiscint ar Fud an Domhain ar an mBranda ***Éire Oileán an Bhia***

Ag teacht leis an ngnáthmhodh oibre againn, rinneadh measúnú neamhspleách ar an togra ina dhiaidh agus ba léir uaidh sin gur baineadh amach na haidhmeanna a bhí ag an mBord Bia. Anuas air sin, i rith na míonna ó shin, táthar go seasta ag glacadh le teachtaireachtaí gairdis agus molta ó gheallsealbhóirí agus ó rannpháirtithe mar gheall ar an tionchar a bhí ón mbeart uarraíochta. Cúis bróid domsa go raibh mé i mo Chathaoirleach ar an mBord Bia le linn na hócáide agus táim bródúil as mo chuid comhghleacaithe ar an mBord agus ar Fho-Bhoird agus as an bhFoireann a thug oiread i gcrích, ní fhéadfadh an rath céanna a bheith air dá n-uireasa. Olltogra a bhí ann a raibh scóip dhomhanda leis agus níl dabht ar bith ach gur chuir an pháirt a bhí againn ann le híomhá an Bhord Bia agus thionscail bhia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ar fud an domhain agus leis an dearcadh a bhíonn ina leith.

Deirtear nach dtéann aon ní i gcionn mar a théann an smaoineamh ceart an tráth ceart. Ba smaoineamh dá leithéid Fóram na mBrandaí sé bliana ó shin. Tá borradh agus forás faoi ó shin i leith agus aithnítear faoin séú bliain seo aige ar an eagraíocht is údarásaí maidir le brandáil bia agus dí in Éirinn é. Bíonn an Fóram dúthrachtach maidir le brandaí níos fearr a thabhairt i dtreis agus cuidiú le cuideachtaí bia agus dí de chuid na hÉireann treisiú leis an ngnó atá acu trí chúrsaí brandála. Is tábhachtach an t-arm an branda san armlón a chuirtear in úsáid sa mhargaíocht iomaíochta. Baineann idir oirbheartaíocht agus straitéis leo maidir le tionchar a imirt; maireann luach agus fiúntas iontu chomh maith le tréithe iomaíochta; bíonn siad mar a bheadh airgeadra buan sa mhargadh inar den riachtanas an bhuaine agus an tsainiúlacht má táthar chun cruthú go maith; féadann toradh iolrach a bheith ar an infheistíocht a chaitear leo chomh maith le buntáiste iomaíochta inmharthana; agus cuidíonn siad le comhlachtaí tabhairt faoi bhagairt nua iomaíochta, bagairt mar gheall ar chostais agus ar chorrlach brabúis san áireamh.

Ba de bharr an athbhreithnithe straitéise a cuireadh an tIonad Feabhais do Ghnóthais Bheaga ar bun agus beidh an bhliain 2007 ar an gcéad bhliain iomlán oibre aige. Togra suaitheantais ag an mBord Bia atá ann agus is ábhar bróid domsa baint a bheith agam leis. Acmhainn nuála atá ann arb é an t-eolas is bonn leis agus cuirfear borradh agus

bonn leis faoi chultúr smaointeoireachta beo bríomhar i measc ghnóthais bheaga bia nach foláir, i mo thuairimse, treisiú leis an meon fiontraíochta agus nuála atá iontu agus é a chothú. Cuirfear réimse seirbhísí agus saineolais ar fáil do dhaoine ar mian leo forás agus forbairt a dhéanamh ar a gcuid gnólachtaí fiontair. Sampla an tIonad Feabhais den Bhord Bia i mbarr a réime, ag obair i gcomhar le daoine atá ag cur go mór le hOileán seo an Bhia agus go háirithe leis na pobail áitiúla.

Ba bheart tábhachtach againn i rith na bliana 2006 páirt a ghlacadh in obair thaighde atá ar siúl ar fud an domhain lenar féachadh leis na nósanna saoil is mó atá ag oibriú ar smaointe, ar mhianta agus ar phátrúin ceannacháin na dtomhaltóirí sa mhargadh domhanda a thabhairt chun léargais. Léiríodh sé cinn de nósanna tábhachtacha leis an taighde agus rinneadh scrúdú maidir lena dtionchar ar tháirgí a chur ar an margadh, brandaí, cumarsáid agus gníomhartha – an Saol Siúlach, Maireachtáil faoi Lánseoil, Cúis le hAthrú, Ar Thóir na Sláinte agus na Folláine, Siopadóireacht Stuama, an Mianach Dáiríre. Tá siad sin cheana féin ina gcionsiocracha le hathruithe agus ag imirt tionchair ar an gcaoi ina ndéantar gnó sa lá atá inniu ann agus an riocht ina mbeidh an margadh san am atá i ndán. Braithfidh an rath a bheidh orainn sa mhargadh sin ar an gcaoi a ndéileáiltear leis na nithe sin agus beidh tionchar mór aige sin ar chúrsaí brabúis freisin.

Is cúis mhór áthais dom freisin a rá go bhfuil borradh agus bláth faoin gClár Thuaidh/Theas atá ar siúl againn a bhfuil buntáiste suntasach as sa dá chuid d'Oileán seo an Bhia. Rinneadh Meabhrán Comhaontaithe a fhorghníomhú i rith na bliana 2006 idir an Bord Bia agus Invest Northern Ireland (INI) a dtagann socruithe oibre, maoiniú, pleanáil, clár gníomhartha agus poiblíocht i gceist faoi. Ritheadh Imeacht Bia Speisialtóireachta Thuaidh/Theas ag an bhFóram Idirnáisiúnta i gCill Mhaighneann i mí Bealtaine (togra ar éirigh thar barr leis) agus ba é an focal moltach a bhí á chloisteáil dá bharr. Tá páirt i gcomhar Aduaidh agus Aneas ar Chomhairle TASTE na hÉireann. Tá, mar chuid de Chlár Eolais faoin Margadh, taighde á dhéanamh i gcomhar le INI againn maidir le hathrú a chur ar nósanna siopadóirí agus tá comhlachtaí as Tuaisceart Éireann a ghlacann páirt sna Cláir sin againne maidir le Miondíolachán sa Ríocht Aontaithe agus Seirbhís Bhia.

Táthar ag tabhairt faoi bhliain chrua eile sa bhliain 2007. Éileofar an oiread céanna arís. Trí chláir éifeachtacha a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na geallsealbhóirí, tabharfar réimse spriocanna i gcrích agus tá lánmhisneach agam gur bliain eile faoi bhláth a bheidh ann do thionscail an bhia, na dí agus na gairneoireachta agus don Bhord Bia.

Fágann maoiniú breise ón Roinn Talmhaíochta agus Bia, cúnamh maidir leis na Cláir Chigireachta Feirme maidir le Deimhniú Caighdeáin agus an Clár Food Dudes a chur ar bhonn náisiúnta seachas ar bhonn píolótach san áireamh, go mbeidh an eagraíocht i gcaoi mhaith leis an gcúram a leagtar uirthi a thabhairt i gcrích agus iad seo a leanas ar chuid de thionscnaimh an Bhord Bia i rith na bliana 2007 – An Margadh 2007, Scoth, An tIonad Feabhais, Fóram na mBrandaí, Clár Eolais faoin Margadh, Foresight 4 Food, Food Dudes, Féile Bia, Tionscnamh Chur chun cinn na Mairteola san Eoraip, Gradaim Ardcháilíochta Ionaid Bhord Bia d'Ionaid Gharraíodóireachta, agus Toscaireachta Trádála Bia go dtí an Meán-Oirthear.

Níorbh fhéidir tabhairt faoi seo murach an pháirt a bhíonn ag líon mór daoine agus eagraíochtaí mar chúnamh san obair agus is maith liom an deis seo a bheith agam chun mo chuid buíochais féin díobh agus buíochas Bhord agus Lucht Feidhmiúcháin an Bhord Bia a chur in iúl.

Bíonn cúnamh agus spreagadh tábhachtach againn ón Aire, Máire Ní Chochláin agus ón bhfoireann airí, an tAire Stáit Brendan Smyth agus an tAire Stáit Mary Wallace. Ní leasc liom ár mbuíochas as ucht sin agus as ucht a gcuid diandúthrachta ó thaobh ama agus díograise de ag cuidiú leis an mBord Bia mórthograí a thabhairt i gcrích sa mhargadh a chur in iúl. Gabhaim buíochas chomh maith le foireann na Roinne ag an Aire, Tom Moran, Rúnaí Ginearálta agus a chuid foirne nach mbeadh ar ár gcumas dul ar aghaidh chomh maith a dhéanamh dá n-uireasa. Bíonn cúnamh tábhachtach ag an mBord Bia, mar eagraíocht atá dírithe ar an margadh, ó Ambasadóirí na hÉireann agus an fhoireann sna hAmbasáidí a bhíonn sásta i gcónaí freastal orainn nuair a iarrtar cúnamh. Tá caidreamh den rath cothaithe againn le heagraíochtaí a bhfuil geall acu san obair agus le hegraíochtaí eile leath-Stáit agus le ranna Rialtais agus fágann an chumarsáid idir an Bord Bia agus na heagraíochtaí sin gné eile ag baint lenár gcuid oibre agus leis an éifeachtacht ina bun.

Gabhaim buíochas le comhaltaí an Bhoird as a ndúthracht agus a gcuid cúnaimh, is mór liom é. Is iontach an complacht comhaltaí an Bhoird agus iad lán taithí agus saineolais. Is ag an mBord Bia agus ag an tionscail dá saothraímid atá a bhuntáiste sin.

Tá ceithre cinn d'fho-bhoird a chuidíonn leis an mBord. Meitheal lánchumasach, láneolasach comhaltaí na bhfo-bhord sin a gcuireann a gcuid saothair le hobair an Bhoird agus a gcuidíonn sé leis an mBord Bia ag cur a chuid clár ar fad ar fud na n-earnálacha go léir i bhfeidhm. Gabhaim buíochas leosan chomh maith.

Bhí trí cinn de Bhuanchoistí Boird ag baint leis an mbliain 2006 – Iniúchóireacht, Straitéis, Pá agus Pinsin – chomh maith le Coiste Speisialta Chorn Ryder a bhain na blianta 2005 agus 2006. Cuid riachtanach iad den struchtúr rialachais sa Bhord Bia. Baineann éileamh sa bhreis leo agus tréaslaím a ndúthracht leis na Comhaltaí. Ba mhaith liom aird ar leith a tharraingt ar Chathaoirleach agus ar Chomhaltaí Choiste Iniúchóireachta an Bhoird ar ríthábhachtach agus ríthrom an ról atá aige ag cuidiú leis an mBord na dualgais rialachais a chomhlíonadh.

Is díol suntais gan aon áibhéil scóip agus ábhar an ualach oibre a chuireann foireann sách cúng di sa Bhord Bia mar is ea chomh maith a fheabhas agus a dhéantar an obair. Is ar an bhfoireann atáthar ag brath chun na haidhmeanna straitéise a bhaint amach agus an réimse seirbhísí do na geallsealbhóirí a chur ar fáil. Tá an eagraíocht i riocht mhaith agus an fhoireann mar chrann taca aici. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Aidan Cotter, as ucht a chuid oibre i gceannas i rith na bliana troime agus as ucht a oiread agus a chuir seisean agus an fhoireann dhíograiseach leis an mBord Bia.

I rith na bliana 2007 a rachaidh daoine ar pinsean ón mBord Bia den chéad uair. Beidh seisear feidhmeannach sinsearach ag fágáil na heagraíochta, Maeve Bracken, Owen Brooks, Michael Deely, Muiris Kennedy, Séamus Kenny agus Paddy Moore. Is mór an cion atá déanta acu uilig faoi seach agus i gcomhar sa Bhord Bia agus sna heagraíochtaí a dtáinig an Bord i gcomharbacht orthu. Bhí páirt mhór acu i gcruthú na heagraíochta mar atá an Bord Bia sa lá atá inniu ann agus á réiteach chun cion níos suntasaí fós a dhéanamh maidir leis an tionscal straitéiseach náisiúnta seo. Rinne siad fónamh thar na bearta don Bhord Bia agus fiúntas thar na bearta do na geallsealbhóirí. Glacaim buíochas ó chroí leo agus guím, thar ceann an Bhoird, na bhFo-Bhoird agus gach duine sa Bhord Bia, gach rath orthu féin agus ar a gcuid.

Tráth seo a gcráite, ba mhaith liom dea-ghuí ar leith a fhearadh ar Michael agus Ann Deely agus a chur in iúl dóibh go bhfuilimid ar fad faoi bhrón mar atá siad féin ó d'imigh Trevor gan tuairisc agus go bhfuil a gcuid cairde agus a gcuid comhghleacaithe sa Bhord Bia ag guí in éineacht leo i gcónaí. Bhí Michael riamh ina chrann tréan taca go gairmiúil ag a chuid comhghleacaithe agus le blianta beaga anuas ba foinse eile inspioráide againn ar fad an misneach atá ann. Is fada a mhairfidh toradh a chuid saothair ar fud an tionscail, ní áirím sa Bhord Bia féin.

Rinne Paddy Moore, ina Phríomhfheidhmeannach dó ar an gComhairle Beostoic agus Feola, CBF a ullmhú don ról lárnach a bhí aige i mbunú an Bhord Bia. D'fhág sin gurbh fhéidir leanacht gan sos ag cur seirbhísí ar fáil agus go raibh eagraíocht éifeachtúil ag feidhmiú ó Lá an Bhunaithe, ní a mba mór ab fhiú leis na geallsealbhóirí é. Gabhaim buíochas leis as sin agus as bearta mórthábhachta eile atá déanta aige ar mhaithe leis an tionscal seo le linn saol fada oibre den suntas, sa CBF agus sa Bhord Bia, agus go hidirnáisiúnta.

Ba mhaith liom moladh ar leith a thabhairt do Shéamus Kenny, Rúnaí/Stiúrthóir de chuid Bhord Bia. Ról fíorthábhachtach atá ansin maidir le feidhmiú an Bhoird agus tá sé comhlíonta go paiteanta aigesean le linn saol fada oibre a lean seacht mbliana déag agus fiche ó ceapadh ina Rúnaí ar CBF – An Chomhairle Beostoic agus Feola é go dtí an post deireanach seo ina Rúnaí/Stiúrthóir de chuid an Bhord Bia. Glacaim buíochas leis thar ceann an Bhoird as a chuid dúthrachta agus díograise ach ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh leis as ucht a chuid cúnaimh dom féin go pearsanta agus don Bhord agus as ucht na mbearta suntasacha eile a rinne sé san iliomad réimse.

Fógra Marbh

Ba chúis mhór bhróin dúinn iad bás ár mbeirt chomhghleacaithe, Patricia Murray i Nollaig 2006 agus Brid O'Connor in Aibreán 2007. Tháinig Patricia ar fhoireann réamheagraíocht Bhord Bia, CBF, ón Roinn Airgeadais agus rinne sí freastal ar roinnt ról tábhachtach sa CBF agus níos déanaí i Roinn na Faisnéise de chuid Bhord Bia, áit a raibh sí mar bhall lárnach den fhoireann a d'fhorbair tionscnamh 'Mol Eolais' de chuid Bhord Bia. Bhí Brid ina comhalta ar dhá cheann dár bhFo-Bhoird, An Bord um Fheoil & Beostoc agus an Bord um Dhearbhú Cáilíochta, áit a ndearna sí ionadaíocht chumasach ar leasanna tomhaltóirí thar ceann Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí. Is mór an cion agus an fiúntas a chur Patricia agus Brid le hobair na heagraíochta seo. Áirimid uainn go mór iad agus thar mo cheann féin agus thar ceann gach duine i mBord Bia, ba mhaith liom mo chomhbhrón a ghabháil arís le clann agus le comhghleacaithe Patricia agus Brid.

Angela Kennedy
Cathaoirleach

An tAire Talmhaíochta agus Bia, Máire Ní Chochláinn, TD agus Angela Kennedy, Cathaoirleach, Bord Bia ag bronnadh an chéad Ghradam Éachta Saoil de chuid Bhord Bia ar Christy O'Connor Snr.



Paddy Moore, Príomhoifigeach Oibríochta, Bord Bia agus Marian Byrne, Ceann na Rannóige Bia, an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag Gradam Éachta Saoil Bhord Bia.

Séamus Kenny, RúnaíStiúrthóir Bhord Bia in éineacht le Christy O'Connor Snr. agus Christy O'Connor Jnr. ag Gradam Éachta Saoil Bhord Bia.

Gradam Éachta Saoil Bhord Bia.

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Cruthaíodh thar na bearta maidir leis an onnmhairíocht ar Tháirgí Bia, Dí agus Ghairneoireahta de chuid na hÉireann i rith na bliana 2006, tháinig forás 11% gur sáraíodh luach €8 billiún den chéad bhliain riamh. Ba luach €786 milliún a bhain leis an ardú sin go dtí os cionn €8.1 billiún, ar fud na gcatagóirí móra ar fad, agus ba tréine go mór an forás sin ná an forás maidir le honnmhairíocht ar na táirgí déantúsaíochta ar fad.



Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach, Bord Bia

Tháinig an forás sin ainneoin chomh maith agus a chruthaigh an euro i gcomparáid le dollar na Stáit Aontaithe agus ainneoin géarú ar an iomaíocht sna margaí móra onnmhairíochta. Is léiriú oiread an fhoráis sin ar thionchar na hearnála seo fhorás eacnamaíochta na hÉireann agus ar a bhfuil d'acmhainn san earnáil dul faoi athrú de réir mar a éilíonn an tomhaltóir sin. Tá tionscal an bhia talmhaíochta ar an earnáil dúchasach is airde luach i gcúrsaí eacnamaíochta na hÉireann, 158,000 fostaithe inti agus 9% d'iomlán an gheilleagair ag baint léi.

Oibríonn an Bord Bia i gcomhar le gach cuid den earnáil Bia, Dí agus Gairneoireachta ionas go mbíonn ar chumas sholáthraithe de chuid na hÉireann teacht ar an bhfód go tréan i margaí an domhain. Tá forbairt mhargaí, bolscaireacht agus eolas i measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus leagtar amach anseo síos roinnt de na tionscnaimh ba shuntasaí ar tugadh fúthu i rith na bliana 2006.

Buaicphointí

- Meastar go raibh 1 billiún de lucht féachana ag faire ar **Chorn Ryder**, líon a fhágann ar cheann de na trí cinn d'imeachtaí spóirt ba mhó i rith na bliana é agus an ócáid spóirt ba mhó le rá riamh in Éirinn. B'uaillmhianach an beart an urraíocht a rinne an Bord Bia ar Chorn Ryder agus d'éirigh go geal leis. Rinneadh an Corn Ryder a tharraingt isteach ar fud réimse de chláir an Bhord Bia i rith na bliana 2006. Féachadh leis an bhfeachtas dian margaíochta agus bolscaireachta mar gheall ar an ócáid le gnó a chothú do sholáthraithe as Éirinn agus le cur leis an tuiscint ar fud an domhain ar an mbranda 'Éire Oileán an Bhia'. Cothaíodh gnó dar luach €15 milliún ar an toirt do sholáthraithe na hÉireann agus tarraingíodh lucht féachana teilifíse i níos mó ná 450 milliún líon tí in os cionn 40 tír éagsúil. Meastar go mbeadh luach os cionn €2 milliún le fógraíocht de leithéid na tráchta moltaigh sin ag comhlachtaí bia agus dí de chuid na hÉireann. Rinneadh scoth bhia agus dheoch na hÉireann a riar ag an imeacht féin, ag cur feabhas agus acmhainn sholáthraithe bia agus dí na hÉireann ar a súile do chuairteoirí thar tír isteach a mbíonn aird ar a dtuairim ina dtír féin. I measc imeachtaí speisialta agus bearta bolscaireachta eile, bhí imeacht speisialta mar gheall ar Chorn Ryder ag Fóram na mBrandaí sa Guinness Storehouse, Baile Átha Cliath agus seoladh an leabhar ar Bhrandaí Bia agus Dí na hÉireann ag an ócáid sin.
- Díríodh aird ar Mhairteoil na hÉireann i naoi gcinn de na margaí onnmhairíochta lena mbaineann os cionn 40 milliún tomhaltóir i rith an dara bliain de Thionscnamh chur chun cinn na **Mairteola ar fud na hEorpa**. Tháinig an Ríocht Aontaithe agus Mór-Roinn na hEorpa faoina scáth ag díriú ar 30 de na dreamanna miondíolacháin is mó le rá san Eoraip i 7,500 ollmhargadh. Ghlac na miondíoltóirí a tháinig faoin bhfeachtas le os cionn 120,000 tonna cwe dar luach €450 milliún anuraidh. Reáchtáladh an feachtas sna margaí ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag agus bhí imeachtaí bolscaireachta ar siúl i siopaí agus margadh á thairiscint ar phacaí feola mar chuid de. Léiríodh le hobair thaighde maidir leis na tomhaltóirí i roinnt de na margaí buntábhachta gur éirigh leis an bhfeachtas tuiscint an tomhaltóra a Mhairteoil na hÉireann a chothú ionas go mb'í an rogha í agus í ina táirge bisigh. Sáraíodh buaicthoirt onnmhairíochta na mairteola go dtí tíortha de chuid an AE ar an Mór-Roinn agus go dtí an Ríocht Aontaithe le forás 6% go dtí 480,000 tonna. Dá thoradh sin, tá 93% den onnmhairíocht ar fad dírithe anois ar mhargaí ardluacha san AE.

An tAire Talmhaíochta agus Bia, Máire Ní Chochláinn TD in éineacht le Jim O'Toole, Bord Bia, i bPáras.



Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach, Bord Bia.

Corn Ryder ó chlé Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach, Bord Bia; An Taoiseach Bertie Ahern; Angela Kennedy, Cathaoirleach, Bord Bia; Brendan Smith TD, Aire Stáit, An Roinn Talmhaíochta agus Bia.

Sháraigh luach onnmhairithe bia agus dí na hÉireann €8 billiún den chéad uair riamh i 2006.

- Tugadh isteach **Clár Aiste Folláin Bia na *Food Dudes***, clár píolótach le cómhaoiniú ón AE, i 50 scoil breise i rith na bliana 2006, ag cur tús leis an dara bliain as téarma trí bliana. Tá an clár leagtha amach chun athrú buntáisteach a chur ar bhearta agus smaointe na ndaoine óga maidir le torthaí agus glasraí a ithe. Thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte aitheantas do thábhacht an chláir mar bheart in aghaidh na hotrachta agus bronnadh Gradam Frithotrachta EDS na bliana 2006 air. Tá ag éirí chomh maith leis an gclár go bhfuil socraithe ag an Rialtas an clár a chur ar fáil tríd an Roinn Talmhaíochta agus Bia do gach bunscoil in Éirinn. Tosófar á thabhairt i bhfeidhm go náisiúnta i mí Aibreán 2007.

- Mar chuid den straitéis cur leis an **onnmhairíocht chun na Síne**, ar tháirgí bia agus dí de chuid na hÉireann, chuir an Bord Bia taispeántas ar siúl ag an gCeathrú Taispeántas agus Comhdháil de chuid an Tionscail Feola Idirnáisiúnta sa tSín arna reáchtáil in Beijing. Meastar an imeacht trí lá seo, arna eagrú ag Cumann Feola na Síne, ar cheann de na himeachtaí is tábhachtaí dá leithéid i rith na bliana sa tSín. Bhí roinnt de na daoine is tábhachtaí i dtionscail feola na Síne, as cuideachtaí ionmhairíochta agus lucht taispeántais ó na tíortha móra maidir le honnmhairíocht feola i láthair.

- Ghlac an Bord Bia páirt sa **Misean Trádála Oifigiúil chun na hIndia**, a raibh an Taoiseach Bertie Ahern, TD, ar a thosach. Mar chuid den mhisean, ghlac Éire páirt den chéad uair i Seó Bia agus Dí Idirnáisiúnta na hIndia. Ghlac comhlachtaí déiríochta, comhábhair agus dí de chuid na hÉireann páirt i gcuid an Bhord Bia den turas d'fhonn leas a bhaint as deiseanna sa mhargadh seo atá i mbéal teacht chun cinn, bualadh le ceannaitheoirí agus ionadaithe trádála agus cur leis an onnmhairíocht ar bhia agus deoch de chuid na hÉireann go dtí an réigiún.

- Seo í an seachtú bliain anois ag **Fóram Brandaí an Bhord Bia** agus tá os cionn 120 comhlacht bia agus dí ina gcomhaltaí de, idir fiontair bheaga agus gnóthais ilnáisiúnta. Cuidíonn an Fóram le comhlachtaí Bia agus Dí de chuid na hÉireann bonn níos láidre a chur faoin ngnóthas de bharr brandála trí dheis a fháil ar eolas, saineolas agus comhairle an Fhóraim. Chuir an Fóram réimse ceardlanna nua brandála ar bun i mbliana, Pleanáil Margaíochta agus Caidreamh Poiblí ina measc, chomh maith le seirbhísí nua i réimse na mbrandaí sainchóirithe don chliant, mar shampla ríomh-Mhargaíocht. Tharraing na tionscnaimh sin na comhaltaí sa sárchleachtas margaíochta. Chuir an Fóram chomh maith leis an tionchar a bhíonn aige tríd an gcaidreamh leis na meáin chumarsáide agus lucht léinn. I measc na mbearta eile oibre bhí cló gnó nua a chruthú, Treoir ríomh-Mhargaíochta nua, Leabhar Brandaí Bia agus Dí na hÉireann agus nuachtlitir brandála feabhsaithe arna eisiúint gach re mí a chur ar fáil. Ar bhuaicphointí imeachtaí na bliana seo bhí cur i láthair ag Barrys Tea, Diageo, Kerrygold, Dairycrest, Tesco agus an tOllamh David Hughes chomh maith le haitheasc príomhchainteora ón Dr Michael Smurfit, mar gheall ar urraíocht an Bhord Bia ar Chorn Ryder. Chomh maith leis sin, ceapadh Pat Rigney, Bainisteoir Stiúrtha Fastnet Brands, ina Chathaoirleach ar an bhFóram.

- Bhí baint ag an mBord Bia le hobair thaighde atá ar siúl ar fud an domhain lenar féachadh leis na nósanna saoil is mó atá ag oibriú ar smaointe, ar mhianta agus ar phátrúin ceannacháin na dtomhaltóirí sa mhargadh domhanda a thabhairt chun léargais. Tugadh chun cinn Clár Claonta an Tomhaltóra maidir le Nósanna Maireachtála an Bhord Bia ionas go mbeidh foinse léargais ar chlaonta an tomhaltóra go leanúnach ag comhlachtaí cliaint. Léiríodh sé cinn de nósanna tábhachtacha leis an taighde agus rinneadh scrúdú maidir lena dtionchar ar tháirgí a chur ar an margadh, brandaí, cumarsáid agus gníomhartha. Is le Headlight Vision an Henley Centre a tugadh an clár chun cinn, eagraíocht atá chun tosaigh maidir le cíoradh a dhéanamh ar ar dóigh a bheith i ndán agus a oibríonn le réimse comhlachtaí mar gheall ar an ábhar sin.

- D'eagraigh an Bord Bia roinnt imeachtaí bolscaireachta maidir le bia agus deoch i margaí thar lear mar chuid de bheartaíocht **Lá Fhéile Pádraig** i mbliana. Cuireadh ar a súile do thomhaltóirí, lucht miondíolacháin agus lucht seirbhís bia fairsinge réimse agus feabhas tháirgí bia agus dí de chuid na hÉireann ag imeachtaí speisialta ar fud an domhain. D'fhreastail os cionn 80,000 tomhaltóir de chuid na Breataine ar an 'All Ireland Speciality Food Market' in Covent Garden arbh é an tUasal Brendan Smith, TD, an tAire Bia a d'fhógair ar oscailt é. I measc imeachtaí eile bhí tionscnamh chur chun cinn Mhairteoil na hÉireann in 150 de shiopaí Delhaize ar fud na Beilge; tionscnamh chur chun cinn mairteola agus uaineola i siopaí Intermarché agus roinnt áirithe formhargaí de chuid Cora sa Fhrainc; ócáidí blasta bhia na hÉireann ag titim isteach leis an gcéad cheiliúradh ar Lá Fhéile Pádraic in Euro Disney agus ócáid fáilte trádála i Moscó.

- D'fhreastail ceannaitheoirí móra bia de chuid na Ríochta Aontaithe, na hÉireann agus na hEorpa, a raibh acmhainn ceannacháin dar luach beagnach €8 billiún ag dul leo, ar an tríú **Fóram Bia Speisialtóireachta Idirnáisiúnta**, de chuid an Bhord Bia, i gcomhar le Invest Northern Ireland ag an Ospidéal Ríoga, Cill

Mhaighneann. Ghlac ochtú cúig de scoth na dtáirgeoirí bia speisialtóireachta as Éirinn páirt ann agus réimse táirgí á dtairiscint acu, ina measc táirgí déiríochta theach na feirme, milseogra, táirgí báicéireachta, tarsainn, feoil, iasc, deochanna agus táirgí gairneoireachta. Reáchtáladh os cionn 850 de chruinnithe réamhshocraithe i rith an lae, arna mbainistiú go docht ar chuma choinní gearra tobcheiliúir. Ag an ócáid chéanna, bronnadh an chéad Ghradam Éachta Saoil de chuid Chomhairle TASTE ar an gceannródaí i gcúrsaí bia agus an saothraí fadréime i dtionscail bia na hÉireann, Myrtle Allen, i ngeall ar thréithe an tiargálaí inti agus a oiread agus a chuaigh sí i gcionn ar earnáil an bhia speisialtóireachta agus sainsaothair. Tá luach €475 milliún á lua le margadh an bhia agus na dí speisialtóireachta agus borradh bisiúil faoi le forás os cionn 10% go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

- Sheol an Bord Bia agus an tAire Brendan Smith treoir maidir leis an margadh miondíola bhia speisialtóireachta in Éirinn **Guide to the Speciality Food Retail Market** mar chuid d'*Fhóram Bia an Oirdheiscirt*. Tugtar sa treoir an t-eolas is nua atá ar fáil faoin margadh bia speisialtóireachta in Éirinn agus dírítear go mór ar lucht trádála miondíolacháin, idir dreamanna ilsiopaí agus speisialtóirí neamhspleácha ardréime.

- Bronnadh bonn óir ar an gcéad Phlandlann Éireannach riamh a chuaigh ar taispeántas ag an Chelsea Flower Show i Londain a bhfuil cáil ar fud an domhain air agus tháinig níos mó ná 157,000 cuairteoir ar cuairt ag an taispeántas le linn na féile. Rinne Gairneoireacht Éireann de chuid an Bhord Bia urraíocht ar thaispeántas an ghradaim, arna cheapadh ag Paul agus Orla Woods ón Kilmurry Nursery, Guaire, Co. Loch Garman.

- D'eagraigh an Bord Bia feachtas náisiúnta **'Lamb… deliciously simple'** chun treisiú le tuiscint an tomhaltóra ar uaineoil na bliana a bheith ar fáil. Cuireadh chun cinn a ilúsáidí agus atá uaineoil mar rogha áisiúil, sláintiúil ag am béile. Díríodh go háirithe orthu siúd a cheannaíonn uaineoil cheana féin agus a bhfuil 45 bliain slánaithe acu chomh maith leis an tomhaltóir is óige ná iad ar mian leo béile folláin a réiteach go héasca gan teacht salach ar chúrsaí eile an tsaoil acu. Seoladh an feachtas tráth a raibh luach €110 milliún leis an miondíolachán ar uaineoil. Tá méadú 10% tagtha ar chaitheamh uaineoil ag teaghlaigh na hÉireann.

- Sheol an Bord Bia an tionscnamh Plants for a Purpose, beart chun ceannachán agus fás phlandaí ag garraíodóirí nua a chothú. Tá maoiniú á dhéanamh ar an tionscnamh ag an AE, Éirinn agus tionscail Stoc Gharraí Altran. Cuirtear eolas agus treoir ar fáil maidir leis an gcineál áite agus aimsire is fearr chun plandaí éagsúla a chur ag fás. Ba chuid den fheachtas 'Garraíodóireacht – modh saoil níos fearr' an feachtas seo.

- Ba é Arboretum Garden Centre, Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach an chéad ionad garraíodóireachta sa tír ar bronnadh cúig réalta air tar éis an chéad áit a bhaint amach i nGradaim Ardcháilíochta Ionaid Gharraíodóireachta Uile-Éireann 2005/06. Tionscnamh i bpáirt atá ansin idir an Bord Bia agus an Roinn Talmhaíocht agus Forbartha Tuaithe i dTuaisceart Éireann.

- D'fhreastail soláthraithe de chuid na hÉireann agus ceannaitheoirí bia de chuid na Ríochta Aontaithe, a raibh acmhainn ceannacháin dar luach níos mó ná €200 milliún acu, ar an **dara ceann déag de Sheimineáir Bhliantúla Seirbhíse Bia na Ríochta Aontaithe** arna eagrú ag an mBord Bia. Díríodh aird ar thorthaí taighde de chuid an Bhord Bia lenar léiríodh méadú de 7% ar an meán ar an díolachán seirbhíse bia in Éirinn tar éis an cosc ar thobac a thabhairt isteach. Tá fíorthábhacht leis an gcosc ar thobac in Éirinn mar chás comparáide don mhargadh seirbhíse bia sa Ríocht Aontaithe atá i mbéal foráis den chineál céanna tar éis cosc den chineál céanna a thabhairt isteach sa mhargadh sin. Tuigtear ón taighde chomh maith go bhfuil 50% de lucht na n-óstaí in Éirinn den tuairim gurbh é tionchar na buntáiste a bhí ag cosc an tobac ar an ngnó lónadóireachta.

- Tá méadú os cionn 70% tagtha ar luach mhargadh na taitneamhachta le ceithre bliana anuas, de réir thorthaí taighde ar earnáil na gairneoireachta a choimisiúnaigh an Bord Bia. Tá luach iomlán €979 milliún le margadh na taitneamhachta in Éirinn faoi láthair. Is léir ón taighde chomh maith gur tharla dúbailt ar an gcaiteachas in ionaid gharraíodóireachta neamhspleách ón mbliain 2001 agus gur fiú €240 milliún sin anois. Tá plandaí agus bláthanna a fhásann faoin aer ar an gcéad rogha ag tomhaltóir na hÉireann i gcónaí agus ceannaíodh 6.5 milliún mír dá sórt anuraidh. Is ionann sin agus 37% den cheannachán ar fad i margadh na taitneamhachta agus tháinig méadú 27% le ceithre bliana. Tá ardú géar tagtha ar luach earnáil na dtáirgí garraíodóireachta, ardú 122% ón mbliain 2001 ó €199 milliún go dtí €441 milliún. Tá curtha ag siopaí DIY leis an táirgiúlacht chomh maith agus rinneadh díolachán dar luach €147 milliún le bliain anuas.

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

- Sheol an Bord Bia feachtas **eolais maidir le barbacó** i rith mhíonna an tsamhraidh le fonn ithe al fresco a chur chun cinn ag béileacha teaghlaigh agus ag riar ar chuairteoirí. Tá tábhacht níos mó ná riamh le séasúr an bharbacó anois agus deis barbacú ag teaghlach amháin as gach trí líon tí. Tá an séasúr féin ag dul i bhfad chomh maith agus é ag leanacht ó Aibreán go Deireadh Fómhair anois.

- Bhuaigh iarrthóir de chuid na hÉireann gradam an tSárchuraidh ag na **Great Taste Awards 2006** a heagraíodh i Londain. Bhuaigh Sally Barnes ón Woodcock Smokery as ucht Bradán Fiáin Deataithe de chuid na hÉireann. Bhí os cionn 200 ag freastal ar an imeacht idir roinnt de na táirgeoirí bia is fearr san Eoraip, lucht delicatessens de chuid na Ríochta Aontaithe agus scríbhneoirí maidir le cúrsaí bia.

- Ó Eanáir na bliana 2007 ar aghaidh, éilítear ar bhialanna **Féile Bia** an tír as a dtagann feoil agus uibheacha a thaispeáint ar bhiachláir agus/nó ar chláir taispeántais. Toradh sin ar reachtaíocht a tugadh isteach maidir le hearnáil na seirbhíse bia i mí Iúil 2006 lena gceanglaítear ar gach ionad lónadóireachta eolas a chur ar fáil don tomhaltóir maidir leis an tír as a dtáinig an mhairteoil atá á riar. Reáchtáiltear feachtais mhargaíochta náisiúnta agus réigiúnacha chun tuiscint an tomhaltóra ar Féile Bia a chur chun cinn agus chun iad a spreagadh chun ionaid cheadaithe a roghnú agus iad ag dul amach ag ithe. Tá feachtas náisiúnta chun cur le líon na mball in Féile Bia ar siúl i gcomhar le cumainn na n-óstán agus na mbialann.

- Bhronn an tUasal Brendan Smith TD, Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta agus Bia **Gradaim Ardcháilíocht Táirgíochta Mairteola/Uaineola an Bhord Bia 2006**. Ba iad James & Frances Delaney as Doire an Gharráin, Port Laoise, Co. Laoise a bhuaigh Gradam an Bhord Bia don Táirgeoir Mairteola Ardcháilíochta agus ba iad Andrew & Deirdre Moloney as Rath Críodáin, Éadan Doire, Co. Uíbh Fháilí a bhuaigh Gradam an Bhord Bia don Táirgeoir Uaineola Ardcháilíochta.

- Le 18 mí anuas tá ardú stádais go dtí EN45011 bronnta ar **Scéim Dhearbhú Cáilíochta na Mairteola** (BQAS) i gcomhairle le slua fairsing custaiméirí an tionscail ar fud na Breataine agus Mhór-Roinn na hEorpa. Bíonn an Bord Bia agus lucht an tionscail ag cur feabhais go leanúnach ar an scéim.

- Ba é Raymond M Wheeler, PhD, ceannasaí an Advanced Life Support Program ag NASA maidir le taighde ar phlandaí agus ar bharraí a thug **Léacht Cuimhneacháin David Robinson**, a ndéanann an Bord Bia urraíocht air, i mbliana. Bhain an léacht go háirithe leis an dóigh go bhféadfaí glasraí úra agus torthaí beaga a fhás amuigh sa spás. Tugtar mic léinn gairneoireachta ón tuaisceart agus an deisceart le chéile ag an léacht go bhfoghlamaítear faoi chion tábhachtach na gairneoireachta maidir leis an eacnamaíocht, an timpeallacht agus an tsláinte.

- Leanann an Bord Bia den obair i gcomhar leis an earnáil orgánach d'fhonn breis forbartha uirthi in Éirinn. Meastar gur chaith tomhaltóirí na hÉireann €76.4 milliún ar tháirgí bia a bhí orgánach de réir deimhnithe i rith na bliana 2006 agus meastar go bhfuil ardú suntasach ar an bhfigiúr sin i ndán as seo go ceann cúig bhliana de réir thorthaí an Staidéir Cainéil ar an Margadh do Tháirgí Orgánacha a rinne an Bord Bia. Mar gheall ar thorthaí na taighde, rinne an Bord Bia i gcomhairle le Grúpa Forbartha na Margaíochta maidir le Táirgí Orgánacha (OMDG) Plean Margaíochta maidir le Táirgí Orgánacha a dhréachtadh. Tá de chuspóir leis an bplean na gnéithe mórthábhachta a shonrú ar gá iad a chur chun cinn ionas go ndéantar forás ar an margadh do bhia orgánach in Éirinn. Cheadaigh an tAire ciste €1.5 milliún maidir le 12 tionscnamh margaíochta faoi leith maidir le bia orgánach a chuirfear sa siúl i rith na tréimhse 2006-2009. Oibreoidh an Bord Bia in éineacht leis an OMDG ionas go dtugtar i gcrích na príomhphoncanna gnímh sa phlean: Teachtaireacht leanúnach maidir le bia orgánach a chur ar fáil; Bearta Caidrimh Phoiblí a dhéanamh chun treisiú leis an teachtaireacht sin ar fud an mhargaidh agus an tionscail; Taighde a dhéanamh maidir le deiseanna eile i margadh an AE; agus bearta eile margaíochta.

- D'fhreastail os cionn 150 comhlacht as Éirinn ar **Lá Thionscail an Bhia agus na Dí 2006**, arna eagrú ag an mBord Bia. Rinneadh a raibh i láthair cíoradh ar na nithe is siocair le forás san earnáil agus thug daoine den mhórthábhacht i dtionscail an bhia agus i dtionscail an mhiondíolacháin aithisc dóibh. Tapaíodh an deis ag an ócáid chomh maith 230 cruinniú aonair a eagrú le saineolaithe an Bhord Bia maidir le margaí thar lear.

Leanann cláir agus gníomhaíochtaí Bhord Bia ag tiomáint chun cinn forbairt mhargaidh onnmhairithe bia agus dí na hÉireann.

Teresa Brobhy, Bainisteoir Margaidh na hÉireann, in éineacht le John O'Reilly.

An 12ú Clár Bliantúil Seirbhíse Bia na Ríochta Aontaithe de chuid Bhord Bia – sa phictiúr tá Paul Donegan, Speisialtóir Margaíochta Trádála Seirbhíse Bia na Ríochta Aontaithe, Bord Bia agus Jason Danciger, Stiúrthóir Lónadóireachta, Laural Pub Co. D'fhreastail soláthróirí Éireannacha agus ceannaitheoirí bia na Ríochta Aontaithe, a raibh comhchumhacht ceannaigh níos mó ná €200 milliún acu, ar an seimineár i mBaile Átha Cliath inar léirigh taighde Bhord Bia gur tháinig ardú 7% ar an meán ar dhíolacháin fhoriomlána seirbhíse bia tar éis don chosc ar chaitheamh tobac a theacht isteach.

Gradaim um Tháirgeoirí Ardcháilíochta – Ba iad an bheirt bhuaiteoirí: James & Frances Delaney ó Dhoire an Gharráin, Port Laoise, Co. Laoise a bhuaigh an Forghradam Bhord Bia um Tháirgeoirí Mairteola Ardcháilíochta agus Andrew & Deirdre Moloney ó Ráth Críodáin, Eadan Doire, Co. Uíbh Fhailí a bhuaigh Forghradam Bhord Bia don Táirgeoir Uaineola Ardcháilíochta. Sa phictiúr anseo ó chlé tá Andrew Moloney, Brendan Smith TD, Aire Stáit, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach, Bord Bia agus James Delaney.

Feoil agus Beostoc

Mairteoil

Bhí onnmhairithe mairteola chun tosaigh san fhás foriomlán ar onnmhairithe feola agus beostoic i 2006, fás 14% go €1.55 billiún a taifeadadh i 2006. Chuir an feabhas ginearálta ar mhargadh mairteola an AE leis an bhfás seo. Tháinig ardú 8% ar phraghsanna eallaí fireanna an AE d'ainneoin mairteoil Os Cionn Tríocha Mí na Ríochta Aontaithe a bheith sa bhiashlabhra arís, rud a chuir thart ar 120,000 tonna le táirgeadh an AE.

Chuidigh rochtain theoranta mhairteoil na Brasaíle, ag éirí as an ngalar Crúb is Béal, agus laghdú ar onnmhairí na hAirgintíne, a chuireadar féin i bhfeidhm, le timpeallacht margaidh níos dearfa a spreagadh do mhairteoil na hÉireann. Tháinig ardú breis agus 5% ar sholáthairtí onnmhairithe monarchana feola i rith na bliana. Meastar gur tháinig ardú den chéatadán céanna ar onnmhairithe mairteola go 516,000 tonna, ag éirí as ardú measartha amháin ar mheánmheáchain mart.

Bhí ardú eile 20% ar onnmhairithe go dtí margaí ar Mhór-Roinn an AE ar an gcruthúnas ba láidre i rith na bliana, ardú go beagnach 230,000 tonna. Is ionann é seo agus an leibhéal onnmhairithe is airde riamh – mhéadaigh lastais faoi dhó ó 2002. Tá luach €695 milliún curtha ar an trádáil seo i 2006. Tá mairteoil na hÉireann liostaithe i níos mó sreangshiopaí miondíola iolracha i níos mó margaí de chuid an AE ná mairteoil ó bhunús náisiúnach ar bith eile.

Ba iad an Iodáil, an Fhrainc agus an Ísiltír na margaí ba thábhachtaí i gcónaí, leibhéil shuntasacha fáis á léiriú iontu go léir. Tá dhá thrian d'onnmhairithe chuig margaí Mhór-roinn an AE i gceist sna margaí seo. D'ardaigh onnmhairithe go dtí an Iodáil breis agus 15% le linn 2006 go dtí 48,000 tonna. Is é seo an cúigiú bliain as a chéile ar tháinig fás ar onnmhairithe mairteola na hÉireann go dtí an margadh. Lean ardú ar an trádáil chun na Fraince ón gcruthúnas suntasach i 2005, ardú eile 18% go 52,000 tonna. Agus tháinig ardú 5% ar lastais chuig an Ísiltír go 42,000 tonna. Tháinig fás ar onnmhairithe go dtí Críoch Lochlann, go dtí an Spáinn agus go dtí an Phortaingéil agus mhéadaigh lastais go margaí CEEC go láidir más ó bhunús measartha féin é.

D'ainneoin fáil a bheith arís ar mhairteoil os cionn tríocha mí na Ríocht Aontaithe rud a d'fhág go raibh titim beagnach 20% ar allmhairithe mairteola na Ríocht Aontaithe, coinníodh onnmhairithe na hÉireann ag 260,000 tonna den chuid is mó i 2006. Fágann sé seo gurb í an Ríocht Aontaithe an margadh onnmhairithe is mó atá ag Éirinn i gcónaí, agus 50% de mhéid iomlán na n-onnmhairithe aige. Chuidigh sé leis an trádáil i rith na bliana go raibh an neartú ar sholáthairtí bó níos moille ná mar a bhí súil leis agus go raibh fáil theoranta ar onnmhairithe Mheiriceá Theas. Daingníodh seasamh mhairteoil na hÉireann in earnáil mhiondíola na Ríochta Aontaithe tuilleadh le linn 2006.

Chruthaigh onnmhairithe mhairteoil na hÉireann ar mhargaí idirnáisiúnta go maith le linn cuid mhaith de 2006 agus ag deireadh na bliana bhí siad beagán chun tosaigh ar leibhéil 2005, iad díreach faoi bhun 40,000 tonna. Chuidigh an t-éileamh láidir ar allmhairithe sa Rúis le méid na n-onnmhairthe, ainneoin tuilleadh laghdaithe ar leibhéil aisíoca onnmhairithe. Is í an Rúis príomh-mhargadh mhairteoil na hÉireann lasmuigh den AE i gcónaí agus tagann an Ailgéir ina dhiaidh sin.

B'fheachtas margaíochta suntasach ar leith é an tionscnamh ceithre seachtaine ar phaca i 2006 ar chomhthráth le hurraíocht Bhord Bia ar Chorn Ryder in Éirinn. D'éirigh go han-mhaith leis in ollmhargaí agus i siopaí búistéara ar fud na tíre. Bhí sé d'aidhm aige ceannach breise feola a spreagadh: tairgeadh ceacht gailf saor in aisce do shiopadóirí mar aon le seans chun ticéid do Chorn Ryder a bhuachan nuair a cheannóidís paca feola agus lipéad bolscaireachta air. Cuireadh na lipéid bolscaireachta agus mionsonraí faoin tairiscint ar phacaí muiceola, uaineola, mairteola, bagúin agus sicín ar an láthair. Thacaigh coicís bolscaireachta ar raidió náisiúnta agus áitiúil leis an bhfeachtas sin.

Tá a bhfuil in ann d'onnmhairithe mhairteoil na hÉireann i 2007 dearfach i gcónaí ar an iomlán. Tugann réamhaisnéisí an AE le tuiscint go mbeidh easnamh idir táirgeadh agus tomhaltas mairteola an AE de bhreis agus 350,000 tonna i 2007. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo, mar aon le teannadh soláthairtí eallaigh na hÉireann, timpeallacht dhlúth mhargaidh ar fáil do mhairteoil na hÉireann.

Meastar go dtitfidh méid na n-onnmhairithe Éireannacha i 2007 thart ar 25,000 tonna de réir mar a laghdaíonn fáil ar eallaí críochnaithe. Eascraíonn se seo as onnmhairiú láidir beo d'eallaí óga le dhá bhliain anuas. Meastar go laghdóidh soláthairtí Éireannacha níos ísle leibhéil thrádála ar mhargaí Mhór-roinn an AE. Ach tá an chuma ar an scéal, ag cur ionchas soláthairtí níos daingne ar fud na hEorpa san áireamh, go mbeidh an t-éileamh margaidh ar mhairteoil na hÉireann láidir i gcónaí. Is é leibhéal an éilimh ar mhairteoil an AE ón Rúis

agus neart na hiomaíochta ó sholáthraithe Mheiriceá Theas go háirithe a shocróidh an trádáil chuig margaí idirnáisiúnta don chuid is mó.

Níl mórán coinne le hathrú ar riachtanais allmhairithe na Ríochta Aontaithe de réir mar a mhéadaíonn soláthairtí bó. Ach is é is dóigh go ndéanfar cuid mhaith de seo a fhritháireamh trí thitim 4% in infhaighteacht eallach préimhe na Ríochta Aontaithe. Tá Éire i riocht maith lena sciar de riachtanais mhairteoil préimhe na Ríochta Aontaithe a mhéadú.

Ainmhithe Beo

Chruthaigh onnmhairithe eallaigh beo go láidir i 2006 agus ardú 35% orthu ag deireadh na bliana ar €145 milliún, is é sin 250,000 díobh. Méadú ar onnmhairiú laonna, 104,500, ardú 69%, agus laonna scoite, 85,000, ardú 33% ba chúis go príomha leis an bhfás seo. D'fhág éileamh láidir ar laonna gur mhéadaigh onnmhairiú go dtí an Ollainn 18% go 52,000 agus 160% go dtí an Fhrainc go 12,300. Mhéadaigh onnmhairithe chun na Beilge faoina dó dhéag go beagán faoi bhun 17,000. Tháinig forbairt dhearfach ar onnmhairiú laonna scoite agus eallach stóir freisin, méadú 43% ar onnmhairithe chun na Spáinne go 71,700 agus méadú 51% ar onnmhairithe chun na hIodáile go 66,700.

Laghdaigh onnmhairiú muca beo go Tuaisceart Éireann thart ar 8% go 480,000. Léiríonn sé seo soláthairtí foriomlána críochnaithe muc níos lú agus praghsanna feabhsaithe ar mhuca na hÉireann. D'ardaigh onnmhairiú caoirigh beo roinnt go 100,000. Chuidigh díol maith ar chaoirigh chuig an Bhreatain agus onnmhairiú uan go Tuaisceart Éireann leis an trádáil.

Muiceoil agus Bagún

I 2006, laghdaigh onnmhairiú mhuiceoil na hÉireann 6% go dtí €223 milliún, meastar. De bharr soláthairtí monarchana feola a bheith cobhsaí go maith agus maolú ar leibhéil allmhairithe laghdaigh méid na n-onnmhairithe go 103,000 tonna. Taifeadadh ardú sa bhreis ar 7% ar phraghsanna mhuiceoil na hÉireann go €1.40/kg.

Chuidigh soláthairtí cobhsaí an AE le honnmhairithe Éireannacha agus ní raibh gan aon athrú mór le sonrú ar lastais go dtí gach mórmhargadh san AE. Taifeadadh roinnt fáis bhreise ar onnmhairiú go margaí idirnáisiúnta. Chuidigh imní tomhaltóirí faoi Fhliú Éanlaith le tomhaltas muiceola go ginearálta toisc bá níos mó ag tomhaltóirí leis ná le héanlaith chlóis.

Is í an Ríocht Aontaithe an príomhcheann scríbe do mhuiceoil na hÉireann i gcónaí agus coinníodh onnmhairithe i 2006 ag 50,000 tonna. Cé gur thosaigh an bhliain go mall d'fhág éileamh a bhí ag neartú ar an Mór-roinn go raibh laghdú ar soláthairtí sa Ríocht Aontaithe, rud a chuir le leibhéil trádála ó dheireanach san Earrach isteach san Fhómhar.

Is í an Ghearmáin príomh-mhargadh Mhór-Roinn an AE i gcónaí agus lastais 12,000 tonna ag tarraingt uirthi i 2006. Cé gur mhéadaigh táirgeadh na Gearmáine go mór le linn 2006 chuir an samhradh te agus an Corn Domhanda le díolacháin mhuiceola, rud a chuidigh le honnmhairithe na hÉireann. Ar mhargaí tábhachtacha eile na Mór-roinne do mhuiceoil na hÉireann i 2006 áirítear an Fhrainc ag 6,000 tonna, breis díolachán ar tháirgí déantúsaíochta i gceist anseo, agus an Iodáil ag 3,000 tonna.

Tháinig ardú measartha ar onnmhairithe chuig margaí Idirnáisiúnta i 2006. Bhí an tSeapáin chun tosaigh arís mar phríomh-mhargadh agus onnmhairithe don bhliain ag déanamh maith go leor ag 10,000 tonna. D'fheabhsaigh an trádáil leis an Rúis go mór, rud a léirigh iomaíocht laghdaithe ón mBrasaíl, 7,000 tonna onnmhairithe don bhliain. Coinníodh onnmhairithe go Hong Kong ach mhaolaigh lastais go dtí na Stáit Aontaithe.

Níl aon choinne le hathrú ar soláthairtí mhuiceoil na hÉireann i 2007, a bhuíochas sin do thread póraithe cobhsaí. Meastar go gcoinneofar soláthairtí monarchana feola ar thart ar 2.6 milliún. Ceaptar gur mionathruithe amháin a bheidh ar tháirgeadh mhuiceoil an AE, mar shampla trádáil bhreise leis an mBulgáir agus leis an Rómáin tar éis a n-aontachas leis an AE i 2007. Ach is dóigh go gcuirfidh éanlaith brú arís ar mhuiceoil agus a sciar féin den mhargadh á bhaint amach arís aice. Anuas air sin laghdódh aon neartú eile ar an euro in aghaidh dollair Mheiriceá iomaíochas mhuiceoil an AE ar mhargaí domhanda, mar a dhéanfadh filleadh arís ar rochtain iomlán margaidh do mhuiceoil na Brasaíle sa Rúis. Tá an chuma ar an scéal mar sin féin go bhfanfaidh éileamh tomhaltóra laistigh den AE cobhsaí.

Agus an cúlra seo san áireamh níl an t-ionchas d'onnmhairithe mhuiceoil na hÉireann chomh dearfach céanna. Is é is dóigh go mbeidh brabúsacht ag leibhéal an táirgeora faoi bhrú ó arduithe ar phraghas beathaithe de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh agus is dóigh go mbeidh tionchar ag an treoir níotráite ar chostais sa dara leath de 2007. Tá an chosúlacht ann go mbeidh margadh na Ríochta Aontaithe iomaíoch i gcónaí, ag cur an t-ardú ar soláthairtí a mbeifear ag súil leis ó tháirgeoirí ar nós na Fraince agus na Spáinne san áireamh. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh maolú freisin ar thrádáil chuig margaí idirnáisiúnta, ag éirí as iomaíochas breise ó na Stáit Aontaithe, ó Cheanada agus ón mBrasaíl.

I 2007, leanfaidh Bord Bia air ag díriú ar chur chun cinn an mhairc Dearbhú Cáilíochta do mhuiceoil agus do bhagún ag an leibhéal miondíola. Déanfaidh Bord Bia comhordú freisin ar an gceathrú Comórtas

Lónadóireachta Muiceola i measc Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre. Díreoidh taighde ar dheiseanna don mhuiceoil ar mhargadh na hlodáile agus ar chaighdeán slisíní.

Uaineoil

Thit líon onnmhairithe chaoireoil na hÉireann beagnach 7% le linn 2006 go dtí beagán faoi bhun 54,000 tonna de bharr fáil níos lú ar chaoirigh. Is é margadh na hÉireann a thóg beagnach 30% den aschur iomlán caoireola arís, rud a d'fhág gurb é an dara margadh ba thábhachtaí é i ndiaidh na Fraince. Chruthaigh tomhaltas uaineola go maith agus tháinig ardú imeallach air go 20,500 tonna.

Ba í an Fhrainc faoi ndear beagnach 60% d'onnmhairithe caoireola na hÉireann ag breis agus 32,000 tonna. Ach d'fhan éileamh ar chaoireoil laistigh den Fhrainc mall i gcónaí i rith na bliana agus lean an meath céimseach ar leibhéil tomhaltais na Fraince le blianta beaga anuas ar aghaidh.

Thit onnmhairiú go dtí an Ríocht Aontaithe de réir soláthairtí dealaithe caorach go dtí 12,000 tonna. Choinnigh soláthraithe Éireannacha orthu ag éagsúlú a gcuid onnmhairithe go dtí margaí eile le linn 2006 agus lastais níos airde á dtaifeadadh go margaí ar nós na Sualainne, na hÍsiltíre agus na Beilge. Mhaolaigh lastais uaineola éadroma go margaí na Meánmhara i 2006, léiriú á dhéanamh ar sholáthairtí láidre baile i bpríomh-mhargaí agus caighdeán feabhsaithe uan áitiúla.

I 2007 is cosúil go gcoinneoidh an Fhrainc a riachtanais allmhairithe agus mar sin go leanfaidh sí uirthi mar phríomh-mhargadh onnmhaireoirí na hÉireann. Tá an chuma ar dhíolacháin chuig margaí Thuaisceart na hEorpa go gcoinneoidh siad orthu go láidir, cúnamh á fháil acu ó ardú eile ar choibhneas na n-onnmhairithe i bhfoirm ghearrtha. Ach meastar go mbeidh titim suas le 8% ar an bhfáil ar chaoirigh na hÉireann i 2007, agus titim dá réir ar onnmhairithe.

Éanlaith

Thug tionscal éanlaith na hÉireann aghaidh ar thimpeallacht mhargaidh dhúshlánach le linn 2006 tráth ar chuir na ráigeanna den Fhliú Éanlaith ar fud an AE isteach ar éileamh tomhaltóirí ar éanlaith, go háirithe i dtús na bliana. Dá bharr seo thit luach onnmhairithe éanlaith na hÉireann 4%, meastar, go €240 milliún.

Bhí tionchar ag táirgeadh níos ísle éanlaithe in Éirinn agus cothromú in allmhairithe i 2006 ar líon na n-onnmhairithe Éireannacha. Tar éis tús deacair don bhliain tháinig praghsanna éanlaithe chucu féin agus ag deireadh na bliana bhíodar ar leibhéil a bhí mórán mar a bhí i 2005. Ach d'fhág ardú mór ar chostais bheathaithe, fuinnimh, pacála agus saothair gur bliain dheacair a bhí ann ó thaobh brabúsaíochta de don tionscal in Éirinn.

Lean onnmhairithe orthu ag díriú ar tháirgí breis luacha, agus onnmhairithe éanlaithe próiseáilte ab ea dhá dtrian na trádála ó thaobh luacha de. Is í an Ríocht Aontaithe príomh-mhargadh éanlaith na hÉireann i gcónaí agus is é ba bhun le thart ar 85% de luach iomlán onnmhairithe i 2006.

Ó Fhómhar 2005 chuir ráigeanna den Fhliú Éanlaith isteach go dona ar an timpeallacht margaidh d'éanlaith. Ach shocraigh cúrsaí síos de réir mar a bhí an bhliain ag dul chun cinn. Tháinig tomhaltas éanlaithe chuige féin ar fud an AE le linn an dara leath den bhliain agus bhí gníomhaíocht bolscaireachta bhreise le feiceáil sna príomh-mhargaí. Laghdaigh srianta a bhain leis an bhFliú Éanlaith (AI) lastais ó sholáthraithe san Áis, rud a mhaolaigh allmhairithe an AE beagnach 10% i 2006. Chuidigh sé seo leis an mbrú laghdaithe ar phraghsanna ar mhargadh an AE.

Tá ionchais mhargadh an AE i 2007 ag brath cuid mhór ar an stádas AI atá ag margadh na hEorpa. Agus é seo á scríobh tá cúrsaí cobhsaí agus níor tuairiscíodh aon ráigeanna nua san Eoraip ó Lúnasa 2006. Má fhanann cúrsaí mar atá meastar go mbainfidh éanlaith a sciar den mhargadh a cailleadh amach i 2005 agus go luath i 2006 ar ais arís. Beidh tionchar aon ráigeanna nua ag brath go mór ar fhreagairt tomhaltóirí, a d'fhéadfadh a bheith níos lú ná mar a bhí i 2006, agus ar an tionchar ar rochtain éanlaith an AE ar phríomh-mhargaí domhanda.

Tugann réamhaisnéisí an AE do 2007 le fios go mbeidh ardú measartha ar tháirgeadh an AE agus go dtiocfaidh tomhaltas chuige féin tuilleadh le cabhair ó ghníomhaíocht leanúnach bolscaireachta. Mar sin féin meastar go gcuirfidh iomaíocht láidir ó mhuiceoil agus ó phraghsanna beathaithe atá ag ardú, brú éigin ar phraghsanna éanlaithe. Ach má bhíonn gach rud mar a mheastar ba chóir go gcuirfeadh 2007 timpeallacht mhargaidh chobhsaí ach iomaíoch ar fáil d'onnmhairithe na hÉireann. San earnáil éanlaithe i 2007 beidh Bord Bia ag díriú ar eolas margaidh a chur ar fáil, cúnamh a thabhairt d'fhorbairt mhargaidh agus monatóireacht a dhéanamh ar na meáin.

Uibheacha

I Márta agus i nDeireadh Fómhair dhírigh gníomhaíochtaí margaíochta ar thuiscint tomhaltóra faoin tomhaltas laethúil a mholtar d'uibheacha a neartú agus iad a chur ar ais arís mar rogha béile atá sláintiúil agus caoithiúil. Ba é an téama don dá fheachtas 'An Egg a Day is Ok' agus cuireadh póstaeir mhóra ar chláir fógraí, póstaeir lasmuigh d'ollmhargaí agus rinneadh bolscaireacht sna nuachtáin.

Bia Tomhaltóra, Déiríocht agus Deochanna

I 2006, b'fhiú beagnach €5.2 billiún iomlán na n-onnmhairithe do na hearnálacha bia tomhaltóra, déiríochta, comhábhar agus deochanna. Sa tionscal déiríochta ar tháinig fás láidir i gcónaí air, díríodh ar dheiseanna nua onnmhairithe san Áis ar chóir leanúint leo i 2007.

Meastar go bhfeicfear comhdhlúthú agus athstruchtúrú san earnáil déiríochta i 2007. Thiomáin earnáil na ndeochanna toirt mhór onnmhairithe freisin, tionchar uirthi ag dinimic mar an rath sonrach ar onnmhairiú cheirtlis na hÉireann; cinneadh imreora ilnáisiúnta an táirgeadh a thabhairt ar ais go hÉirinn rud a raibh tionchar dearfach aige ar dhíolacháin onnmhairithe leanna; an t-éileamh leanúnach ar licéir uachtair i gcuid mhaith margaí onnmhairithe ar fud an domhain agus fás ar an éileamh ar uisce beatha préimhe sna Stáit Aontaithe. Thiomáin tairiscintí de tháirgí nua fás sna hearnálacha fuaraithe agus reoite a d'fhreastail ar riachtanais tomhaltóra mar chaoithiúlacht, sláinte agus codanna aonair. I 2006 tháinig teacht isteach ó dhíolacháin sa mhargadh baile faoi bhrú breise a bhí á thiomáint ag costais oibríochtúla a bhí ag ardú agus san am céanna brúnna láidre in íochtar ar phraghsanna, go háirithe san earnáil mhiondíola. Ach ina dhiaidh sin tá an t-ionchas do bhia tomhaltóra na hÉireann i 2007, do thionscal na déiríochta, an chomhábhair agus na ndeochanna dearfach i gcónaí a bhuíochas go príomha do dheiseanna díolachán onnmhairithe.

Bia Déiríochta agus Comhábhair

Clúdaíonn an earnáil seo táirgí déiríochta príomhúla mar im, cáis, comhábhair déiríochta lena n-áirítear púdair bainne agus cáiséin, táirgí déiríochta próiseáilte ar nós bainne foirmle do naíonáin agus cineálacha comhábhar breis luacha a úsáidtear ar fud an domhain i ndéantús táirgí bia tomhaltóra agus deochanna.

Chruthaigh earnáil déiríochta na hÉireann go han-dearfach ó thaobh onnmhairithe de i 2006, luacha aonaid níos ísle á gcothromú ag méid méadaithe. Thug fás 6% luach iomlán onnmhairithe déiríochta go dtí beagnach €2.08 billiún don bhliain a léirigh nádúr dearfach foriomlán mhargaí an AE agus margaí idirnáisiúnta araon do tháirgí agus do chomhábhair déiríochta le linn an chuid is mó de 2006.

Mhéadaigh lastais de tháirgí déiríochta príomhúla go dtí margaí an AE ach tháinig laghdú beag orthu go margaí idirnáisiúnta níos iomaíche. Tugadh spreagadh d'onnmhairiú táirgí déiríochta próiseáilte chuig margaí lasmuigh den AE go háirithe trí ardú mór ar onnmhairiú bainne foirmle do naíonáin.

Bainne: Mar a tharla i mblianta roimhe seo lean an fás ar tháirgeadh domhanda bainne, tháinig ardú beagnach 2% air do 2006. Agus titim bheag ar tháirgeadh bainne na hAstráile arís i 2006 ag éirí as dianthriomach tháinig beagnach a leath den ardú a taifeadadh ón tSín, an chuid eile ón India agus ó na Stáit Aontaithe. Áirítear gur thit táirgeadh an AE 1.5% i 2006 tráth ar tháinig méadú beag ar tháirgeadh na hÉireann don bhliain, allmhairithe ó Thuaisceart Éireann á gcur leis an bhfáil ghinearálta ar bhainne in Éirinn.

Im: Tar éis luachanna láidre domhanda i 2005 mhaolaigh an margadh domhanda ime le linn 2006. D'eascair sé seo de bharr praghsanna níos ísle agus treisiú an Euro in aghaidh dollair na Stát Aontaithe agus na Nua-Shéalainne araon, rud a chruthaigh timpeallacht mhargaidh iomaíche d'onnmhairithe ime na hÉireann.

Cáis: Ón mbonn dearfach a bhí faoi blianta eile lagaigh praghas an mhargaidh domhanda don cháis i 2006. Ina dhiaidh sin cé go raibh tionchar ag aisíocaíochtaí onnmhairithe níos ísle ar iomaíochas ar mhargaí domhanda rinneadh cothromú ar chuid mhór de seo trí éileamh láidir sa Ríocht Aontaithe, áit a léiríonn díolacháin mhiondíola go bhfuil tomhaltóirí ag cur lena dtomhaltas cáise i gcónaí. Chuaigh riar atá ag méadú de phróiseáil bainne na hÉireann isteach i dtáirgeadh cáise a d'fhág gur tháinig laghdú ar tháirgeadh ime.

Comhábhair Déiríochta: Lagaigh an margadh do cháiséin i 2006 ag éirí as cnuasach de sholáthairtí domhanda tar éis dhá bhliain d'aschur buaice i ndiaidh a chéile. Bhí an cnuasach soláthairtí ag freagairt do phraghsanna arda i 2004 agus i 2005, mar aon le friotaíocht ceannaitheoirí in aghaidh praghsanna méadaithe. Ionadú táirge agus athfhoirmiú oidis a bhí mar thoradh air seo. Anuas air sin socraíodh cúnamh an AE don cháiséin ag neamhní i Meán Fómhair rud a chuir comhartha ceiste faoi inmharthanacht táirgeadh mór cáiséine amach anseo. Tháinig beagán d'ardú ar tháirgeadh púdair bainne i rith na bliana.

Mhaolaigh leibhéil táirgthe púdair bainne sceite de bharr fáil níos lú ar bhainne agus táirgeadh breise cáise. D'fhág praghsanna arda AE, laghdú agus ansin socrú ar neamhní d'aisíocíochtaí onnmhairíochta,

agus dollar níos laige nach raibh onnmhairithe púdair bainne sceite iomaíoch ar mhargaí domhanda.

Léirigh táirgeadh comhábhar déiríochta breis luacha eile ar nós tiúchan próitéine bainne agus bainne foirmle do naíonáin, fás maith i rith na bliana mar fhreagra ar éileamh margaidh breisithe. Tháinig fás ar leith ar onnmhairithe bainne foirmle do naíonáin sa Mheán Oirthear agus san Áis.

Sláinte & Folláine: Lean saincheisteanna sláinte & folláine ag soláthar breis deiseanna don tionscal déiríochta in Éirinn chun luacha cothaitheacha agus sochair sláinte táirgí déiríochta breis luacha agus comhábhair a táirgeadh ó thréada beathaithe ar féarach a shaothrú. Tá feidhmiúcháin chothaitheacha i dteascáin mhargaidh tar éis leathnú amach, ó chothú naíonán agus daoine aosta go bia agus deoch do theascáin spóirt/corpacmhainne agus stíl mhaireachtála idirnáisiúnta. Lean Bord Bia air ag cur lena chuid gníomhaíochtaí sa réimse seo i gcomhar leis an tionscal. Chuireamar eolas fíor-ama agus faisnéis ar fáil trínár seirbhísí Faisnéise agus Saincheaptha. I 2006, d'eagraigh Bord Bia ceannach sindeacáite cearta ar mhórstaidéar idirnáisiúnta d'Éirinn ar Chomhábhair Déiríochta in Earnálacha Cothaitheacha go dtí 2010. Bhí seisiún oibre domhain le foireann taighde an staidéir san áireamh do chuideachtaí suibscríofa. Bhí teascáin nua mhargaidh lárnach in ár dtacaíocht margaíochta agus bolscaireachta ag dhá imeacht trádála ardspeisialaithe ar Shláinte & Folláine: Vitafoods Idirnáisiúnta san Eilvéis, agus aonach trádála débhliantúil Comhábhair Sláinte na hEorpa sa Ghearmáin.

Bianna Fuaraithe & Reoite

Áirítear táirgí ar nós béilí reoite réamhullmhaithe, pizza, sneaiceanna agus uachtar reoite san earnáil bia fuaraithe agus reoite. Ar na táirgí san earnáil fhuaraithe áirítear béilí réamhullmhaithe, táirgí sailéid, sneaiceanna agus bia-ith-ar-an-mbealach. Is táirgí reoite mar bhéilí réamhullmhaithe agus pizza atá sa mhór-mhargadh onnmhairithe.

Tháinig laghdú ar luach agus ar mhéid na hearnála béilí réamhullmhaithe reoite i 2006. Tuiscint níos mó ar shaincheisteanna foircheasachta agus tuiscint an tomhaltóra ar chúinsí sláinte agus folláine i gcothú, tuiscint atá ag fás, is cúis leis seo. Ina theannta san bhí aistriú ann go dtí béilí réamhullmhaithe fuaraithe ar dóigh leis an dtomhaltóir iad a bheith níos sláintiúla, níos úire agus níos caoithiúla. Níor cuireadh isteach ar mhargadh an pizza chomh mór céanna a bhuíochas sin do sheoladh táirgí nua.

Choinnigh roinnt cuideachtaí orthu ag cur lena ngnó go hincriminteach i mbianna fuaraithe agus reoite araon. Tá táirgí nua á seoladh acu chun freagairt do riachtanais tomhaltóra atá ag athrú, mar shampla táirgí níos sláintiúla, oidis níos sásúla agus blasanna agus taithí níos údaraí. Chomh maith leis seo tá cuideachtaí cliant ag déanamh athchóiriú iomlán ar an bpacáistiú le mealladh níos nua-aimseartha a chur ar a gcuid táirgí. Tá brú i gcónaí ar na himill ó chainéil mhiondíola agus seirbhísí bia araon chomh maith le hiomaíocht láidir áitiúil agus idirnáisiúnta, go háirithe ó Mhór-roinn na hEorpa.

Tá an chosúlacht ann go mbeidh an earnáil fhuaraithe/reoite iomaíoch i gcónaí le linn 2007. Tá móriarrachtaí nuála á ndéanamh ag an tionscal chun táirgí a chur ar fáil a shásaíonn éilimh tomhaltóra atá ag teacht chun cinn ó thaobh táirgí préimhe, sláinte agus éagsúlachta. Chomh maith leis seo tá deiseanna á scrúdú ag cuideachtaí Éireannacha níos mó agus níos mó chun éagsúlú a dhéanamh ar an ngnó laistigh de mhargaí iomaíocha Mhór-roinn na hEorpa. Ach leanfaidh brú iomaíoch ó thaobh praghsáil miondíola agus costais fuinnimh ina saincheisteanna suntasacha don tionscal. Bheadh tionchar suntasach freisin ag neartú ar bith ar an Euro in aghaidh sterling ar iomaíochas na n-onnmhaireoirí seo.

Orgánaicí

Rinne taighde margaidh Bhord Bia meastachán gurbh fhiú €76 milliún an margadh bia orgánach in Éirinn i 2006. Léirigh na hagallaimh leis na cainéil thrádála dóchas suntasach go mairfeadh an fás measta15-20% in aghaidh na bliana ar an meán. Bhain sé seo le gach cainéal cé go raibh bonn beag faoi. Bhíothas ag súil le tuilleadh fáis de bharr ardú a raibh súil leis ar chaiteachas tomhaltóra ar bhia orgánach, gné lárnach de straitéisí gnó miondíola é an orgánaic, agus cinneadh ilstóras freagairt d'éileamh tomhaltóirí atá ag fás.

Leanann Bord Bia air ag comhoibriú leis an earnáil orgánach chun í a fhorbairt tuilleadh in Éirinn. I 2006, d'oibrigh Bord Bia go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta agus fuair treoir uaithi agus ón Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Bia Orgánach, ar ghrúpa lánionadaíoch é de gheallsealbhóirí san earnáil orgánach. Coinníonn Bord Bia air ag comhordú forbairt mhargaidh trína Chathaoirleacht ar fho-choiste orgánach an ghrúpa ar mhargaíocht, An Grúpa Forbartha Margaidh Orgánaigh (OMDG). Téann sé i mbun a chuid tionscnamh féin i gcomhairle leis an nGrúpa Stiúrtha Orgánach Náisiúnta (NOSG).

I 2005, thug an OMDG tús áite don Staidéar Cainéil ar Mhargadh Orgánach mar cheann dá dhá phríomhthogra (é sin agus an tSeachtain Orgánach Náisiúnta). Ainmníodh Bord Bia mar phríomhghníomhaireacht leis an dá thionscadal a sheachadadh. Rinne an taighde an dearcadh trádála ar raon leathan tuairimí a thomhas thar 2005 agus 2006, mar shampla poitéinseal margaidh, saincheisteanna soláthair, allmhairiú,

SIAL Páras – ó chlé Brendan Smith TD, Aire Stáit, An Roinn Talmhaíochta agus Bia; Comhaltaí Boird, Katherine O'Leary agus Pádraig Walsh, Uachtarán an IFA. Ba é SIAL 2006 an taispeántas is mó sa tionscal bia agus dí agus rinneadh óstaíocht ar tuairim is 5,200 taispeántóir ó 99 tír as gach earnáil den mhargadh ó SMEanna do chuideachtaí ilnáisiúnta.

Michael Murphy, An Bainisteoir Tionscadail ar urraíocht Bhord Bia ar Chorn Ryder, ag Margadh Bia Farmleigh a reáchtáladh ag K Club den scoth, áit a raibh Corn Ryder i mí Mheán Fómhair.

I láthair ag seoladh Sheachtain Orgánach Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, bhí an tAire Talmhaíochta agus Bia, Máire Ní Chochláinn TD; Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach, Bord Bia; Ashley Kessie agus Tom Murray. Reáchtáladh an tSeachtain Orgánach Náisiúnta ó 6-12 Samhain ina raibh tionscnaimh agus imeachtaí chun cur le feasacht tomhaltóirí i leith bia orgánach, ar bia é atá úr, séasúrach agus atá oiriúnach don chomhshaol.

Ba í seo an dara bliain a raibh seachtain orgánach agus bia orgánach á chur chun cinn. Leanann an margadh do bhia orgánach ag fás 15%-20% go bliantúil.

méid catagóire/rátaí fáis agus saincheisteanna cothaithe. Bhí na torthaí bunaithe ar agallaimh le príomhcheannaitheoirí trádála orgánacha agus lucht trádála sna cainéil mhargaidh éagsúla in Éirinn. Cuireadh torthaí an taighde i láthair an NOSG agus an OMDG chun iad a phlé. Cuireadh achoimre na dtorthaí i láthair freisin ag Comhdháil Orgánach Náisiúnta Atlantic Organics/WDC/DAF.

Mar fhreagra ar an taighde agus i gcomhairle leis an nGrúpa Forbartha Margaíochta Orgánach (OMDG), chuir an Bord Bia Plean Margaíochta Orgánaigh trí bliana le chéile chun an margadh do bhia orgánach in Éirinn a fhorbairt. Tugann an plean faoi na príomhréimsí ar ghá a chur chun cinn a aithint le forbairt a dhéanamh ar an margadh do bhia orgánach in Éirinn. Cheadaigh an tAire €1.5 milliún do 12 tionscnamh margaíochta orgánaigh ar leith le linn 2006-2009. Oibreoidh Bord Bia leis an OMDG chun príomhphointí gnímh an phlean a sheachadadh:

- Teachtaireacht orgánach chomhsheasmhach a fhorbairt
- Caidreamh Poiblí a úsáid chun tacú leis an teachtaireacht sa mhargadh agus sa tionscal
- Taighde a dhéanamh ar phoitéinseal margaidh eile an AE
- Tionscnaimh eile margaíochta.

Tugann meastacháin trádála ón Staidéar Cainéil Margaidh Orgánach le fios gur na cainéil miondíola phríomhshrutha faoi ndear thart ar 85% de dhíolacháin den bhia orgánach deimhnithe in Éirinn arbh fhiú €65 milliún anuraidh é. Ilstórais miondíola amháin faoi ndear 62% nó €41 milliún, agus grúpaí siombaile 17% nó €11 milliún. Cuireadh meastachán 15% nó €10.3 milliún ar luach na ndíolachán trí chainéil neamhspleácha agus díreacha. Rinneadh miondealú measta ar an trádáil: Trádálaithe neamhspleácha 5%; Siopaí Bia Sláinte 4%; Speisialtóirí Deli 3%; Scéimeanna Bosca 2%.

Is léir go luíonn na deiseanna ó thaobh toirte do chuideachtaí bia Éireannacha a bhfuil táirgí orgánacha acu i soláthar do mhiondíoltóirí príomhshrutha. Mar sin féin tá cur chuige déstraitéise i leith forbairt mhargaidh ag an bPlean Margaíochta Orgánach, ag obair chun tacaíocht a thabhairt do mhiondíoltóirí príomhshrutha agus do chainéil neamhspleácha/dhíreacha chun díolacháin bia orgánaigh a fhorbairt.

Is í an aidhm a bhí leis an tSeachtain Orgánach Náisiúnta tuiscint tomhaltóra ar bhia orgánach agus ar cá háit lena cheannach, a ardú. Bhí bolscaireacht ar an raidió náisiúnta agus áitiúil san áireamh mar aon le bolscaireacht sna nuachtáin náisiúnta agus ar scáthláin bhus. Scaipeadh raon bileog oidis, póstaeir, greamáin fuinneoige agus gluaisteáin ar fud na tíre freisin.

Thugadh dearcadh trádála le tuiscint gurb é an dúshlán aonair is mó atá roimh earnáil orgánach agus margadh na hÉireann faoi láthair ná toirteanna níos mó de tháirgí orgánacha agus de réimsí a fhreastalaíonn níos fearr ar éilimh stíl mhaireachtála tomhaltóra gnóthaigh an lae inniu, a chur ar fáil. Ceapadh gur easpa scála ar fhormhór na bhfeirmeacha orgánacha in Éirinn a bhí ag cur bac ar leathnú amach tuilleadh san earnáil. Faoi láthair níl ach dornán feirmeoirí agus próiseálaithe orgánacha in Éirinn ar féidir leo freastal ar thoirt, ar riachtanais chomsheasmhachta agus disciplíní margaidh ollmhargaí agus próiseálaithe móra. Allmhairiú agus praghsanna miondíola níos airde a bhí mar thoradh ar an easpa scála seo, agus ba bhac mór an ceann deireanach sin do thomhaltas breise tomhaltóirí.

Milseogra

Tá earnáil an mhilseogra comhdhéanta de chuideachtaí a sholáthraíonn táirgí atá bunaithe ar sheacláid, siúcra agus plúr.

Báicéireacht

Choinnigh catagóir na báicéireachta uirthi ag fás i 2006 ainneoin na poiblíochta diúltaí a bhí aice le 2 nó 3 de bhlianta anuas. Tá fás sa chatagóir seo á thiomáint ag suim an tomhaltóra in aráin iasachta agus eitneacha agus toilteanas aghaidh a thabhairt ar tháirgí den scoth a bhfuil praghas níos airde orthu. Bhí an tionscal ag éagsúlú agus ag freagairt do na héilimh mhargaidh athraitheacha seo, rud ar léir ó éagsúlachtaí ceirde, eitneacha agus stíl bhoigiméiseach atá ar fáil ar nós táirgí ón bPolainn agus ón Áis. Tá an claonadh i dtreo bia níos sláintiúla le feiceáil sa chatagóir seo freisin, mar shampla síolta agus comhábhair eile atá 'go maith duit'. Is í an nuáil a bheidh lárnach i bhforbairt na catagóire seo de réir mar a éilíonn tomhaltóirí rogha níos mó. Is saincheisteanna suntasacha laistigh den tionscal iad ganntanais chruithneachta agus costais plúir atá ag ardú atá ag cur níos mó agus níos mó brú ar chostais táirgeachta agus ar éifeachtacht.

I 2006 chuir Bord Bia eolas margaidh ar fáil don tionscal báicéireachta ag sonrú deiseanna i margaí miondíola agus seirbhís bia sa Ríocht Aontaithe.

Seacláid / Siúcra

Bhí díolacháin sa taobh préimhe den earnáil seacláid milseogra ag cruthú go maith, á dtiomáint ag tomhaltóirí ag díriú anois ar shó-táirgí milseogra níos boigiméisigh. Tuairiscíonn soláthraithe Éireannacha laistigh den chuid seo den mhargadh go bhfuil fás digití dúbailte ar dhíolacháin. Dá thoradh seo mhéadaigh tábhacht gnéithe speisialta mar tháirgí orgánacha agus pacáistiú níos uasmhargaí.

Is í an Ríocht Aontaithe an margadh onnmhairithe is tábhachtaí don earnáil milseogra seacláide agus tá liostaithe nua aimsithe do sholáthar branda agus lipéad príobháideach. Is bealach tábhachtach eile chun an mhargaidh é an comhdhéanamh a bhfuil a thábhacht á mhéadú do sholáthraithe Éireannacha. Áirítear mar shamplaí seacláidí Lir do Baileys agus cinn Butlers d'Orla Kiely. Cé go bhfuil méid na ndíolachán ar mhargadh na Ríochta Aontaithe seasta go maith, tá fás ag teacht ar luacha rud a léiríonn claonadh tomhaltóirí na Ríochta Aontaithe do sheacláidí préimhe agus boigiméis, claonadh atá ag fás. Is dea-scéal é seo do dhéantúsóirí Éireannacha a dhírigh go traidisiúnta ar thaobh na sócúlachta den mhargadh seo.

Ar na príomhdhúshláin atá roimh dhéantúsóirí na hÉireann agus iad ag soláthar do mhargadh na Ríochta Aontaithe áirítear an méadú ar riachtanais chur chun cinn, praghsanna miondíola ísle agus breis iomaíochais ó iontrálaithe nua san earnáil scothphréimhe. Chomh maith le margadh na Ríochta Aontaithe, tá fás ag teacht ar onnmhairithe chuig margaí go hidirnáisiúnta ar nós na Stáit Aontaithe, Ceanada agus ar bhealach níos lú, na hAstráile.

Ceann de na dúshláin a bheidh roimh an earnáil i 2007 ná leanúint leis an nuáil agus táirgí nua a chur ar an margadh a shásóidh éileamh an tomhaltóra ar tháirgí préimhe, údaracha, boigiméiseacha. Tá an chosúlacht ann go leanfaidh an fás ar dhíolacháin seacláidí ó aon fhoinse a bhfuil méid níos mó cócó iontu. Tá an deis ann freisin teacht i dtír ar éileamh atá ag méadú do sheacláidí níos sláintiúla – seacláidí 'saor ó chiontacht' a fhorbairt ar féidir a chur ar an margadh le fógra sláinte mar sheacláid a bhfuil níos lú ábhair siúcra inti.

Tá treocht an tomhaltóra táirgí a n-airítear go bhfuil cuid mhór siúcra iontu a sheachaint ag cruthú cúinsí margaidh a bhfuil dúshlán níos mó iontu don earnáil mhilseogra siúcra. Is iad na táirgí ba rathúla i rith na bliana ná iad siúd a thug na roghanna: siúcra íseal, saor ó shiúcra nó 'gan aon chomhábhar breise'. Lean an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus Tuaisceart na hEorpa ina bpríomh-mhargaí tábhachtacha do chuideachtaí Éireannacha laistigh den earnáil seo. Ar chuid de na príomh-shaincheisteanna a gcaithfidh cuideachtaí laistigh den earnáil seo aghaidh a thabhairt orthu tá brú praghsanna breise ó chustaiméirí, allmhairithe ó thíortha ísealchostais agus arduithe ar chostas déantúsaíochta, mar arduithe ar chostas fuinnimh, arduithe ar chostas roctha agus arduithe ar chostas comhábhair.

Bianna Timpeallacha

Clúdaíonn Bianna Timpeallacha raon earnálacha lena n-áirítear gránach, bácáil baile, subha/torthaí leasaithe, brioscaí, anraith agus anlainn agus tarsainn. Tá déantúsóirí Éireannacha san earnáil seo ag díriú go príomha ar sholáthar don mhargadh baile, agus seasamh branda ceannaireachta ag cuid mhór acu taobh istigh dá gcatagóirí faoi seach. Tá fás ag teacht ar onnmhairithe ón earnáil seo, go háirithe do sholáthraithe laistigh den earnáil ghránach. Baineadh liostáil shuntasach amach le miondíoltóirí mór le rá sa RA agus sna SA de réir mar a aithníonn tomhaltóirí na sochair sláinte a bhaineann le coirce, rud atá ag méadú. D'éirigh le cuideachtaí eile díolacháin a fhorbairt i Mór-roinn na hEorpa, go háirithe sa Fhrainc agus sa Bheilg. Bhí roinnt onnmhaireoirí ón earnáil Bianna Timpeallachta ag onnmhairiú don chéad uair le linn 2006, a dtáirgí a gcur go dtí an RA go príomha.

Bhí Bord Bia ag obair go gníomhach leis an earnáil le teagmhálacha ceannaitheoirí a aithint do chuideachtaí a bhfuil suim acu a gcuid díolacháin onnmhairithe a mhéadú. Bhí Bord Bia ag cabhrú leis na cuideachtaí seo trí Foresight4Food, leis an nuáil agus le forbairt táirgí nua.

Deochanna

D'fhás onnmhairithe deochanna Éireannacha 28% i mbliana go €1.39 billiún. Tógann sé seo ar an rath a bhí ann le dhá bhliain anuas nuair a bhí deochanna ar an earnáil is fearr a chruthaigh i measc onnmhairithe bia agus dí na hÉireann.

Áirítear ar na táirgí san earnáil seo gach deoch alcólach agus neamh-alcólach, uiscí, carbónáití agus súnna déanta ag cuideachtaí déantúsaíochta ilnáisiúnta agus dúchasacha Éireannacha in Éirinn. Léirigh ceirtlis, beoir, biotáillí agus uiscí fás an-mhaith arís i 2006 thar mar a rinne 2005.

Mar ar tharla i mblianta eile ba í an Ríocht Aontaithe an príomhcheann scríbe d'onnmhairithe deochanna – í faoi ndear thart ar 48% de na honnmhairithe ar fad. Mhéadaigh an figiúr seo 37% thar 2005, á thiomáint go príomha ag an rath mór agus an fás a tháinig ar onnmhairithe ceirtlise isteach sa RA. Mhaolaigh toirt agus luacháil licéar uachtair sa trádchothromú, cé go leanann an tionscal air á gcur chun cinn go láidir trí úsáid a bhaint as sampláil táirgí, urraíocht agus bolscaireacht teilifíse mar chuid dá bhfeachtais tomhaltóra. Ar an iomlán coinníonn il-asraonta grósaera orthu ag tógáil a sciar ón trádáil de réir mar a chuireann tiomáint agus ól agus cúinsí slí mhaireachtála eile isteach ar ócáidí óil.

Is iad na Stáit Aontaithe an dara margadh onnmhairithe is mó, agus beagán faoi bhun 20% d'onnmhairithe ag dul ann. Bhí cuid mhór corraíola faoi uisce beatha na hÉireann sa mhargadh seo, á thiomáint go príomha ag bolscaireacht fhorleathan agus feachtais chur chun cinn. Chuir cuid mhór allmhaireoirí agus dáileoirí sna SA suim bhreise sa chuid seo de mhargadh dí na hÉireann atá ag fás. Is margadh eile é margadh na hAfraice Theas a raibh aird bhreise dírithe uirthi áit ar dhúbail onnmhairithe deochanna go €2.7 milliún os cionn leibhéal 2005.

Mar a tharla i mblianta roimhe sin díríonn na saincheisteanna atá roimh thionscal na dí amach ar imní faoi ól freagrach, sláinte agus folláine agus imní eile a bhaineann le stíl mhaireachtála. Tá páirt níos mó agus níos mó á glacadh ag déantúsóirí dí i bhfeachtais chun 'ól ciallmhar agus freagrach' a chur ar shúile tomhaltóirí. Tá tabhairt isteach rabhadh faoi thionchar alcóil agus ionghabháil aonaid ag éirí níos coitianta agus éilíonn roinnt miondíoltóirí go mbeidh an cineál seo eolais ar fáil ar gach táirge. Leanann an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh de bheith ina imní do roinnt mhaith cuideachtaí, rud a bhíonn i gcomhpháirt acu le tionscail déantúsaíochta eile. Tá infheistíocht sa nuáil, i bhforbairt táirgí nua agus i mbrandáil ríthábhachtach má tá cuideachtaí leis an gceann is fearr a fháil ar a n-iomaitheoirí domhanda.

Leanann an RA uirthi ina príomh-mhargadh onnmhairithe do sholáthraithe deochanna neamhalcólacha. Tá tomhaltóirí ag athrú ó charbónáití go huisce agus súnna, iad á spreagadh ag an treocht mhargaidh ghinearálta i dtreo malairtí sláintiúla. Tá corrlaigh ag teacht faoi bhrú breise i gcatagóir an uisce ag éirí as díbhoilsciú praghsanna. Ar an gcaoi céanna tá na corrlaigh do tháirgí súnna ag teannadh tar éis arduithe móra ar chostas comhábhair do tháirgí sú i 2006.

Oibríonn Bord Bia i gcomhpháirtíocht le tionscal dí na hÉireann chun cuidiú le cuideachtaí a spriocanna a bhaint amach de réir mar a dhéanann siad iarracht custaiméirí nua a aithint agus a ghnóthú. Eagraímid clár gníomhaíochtaí ar leith don tionscal. I 2006 bhí rannpháirtíocht i seónna trádála idirnáisiúnta de chuid tionscal na dí san áireamh mar WSWA Las Vegas; Comhlachas Domhanda Saor ó Cháin, Cannes; agus an Meán-Oirthear Eisiach, Dubai. Eagraíodh Cuairt Staidéir Mhargaidh go dtí an Iorua agus go dtí an Ruis i mí Feabhra. Bhí cuairt ar Prodexpo i Moscó san áireamh agus thug sé rochtain do chuideachtaí arbh toscairí iad, ar cheannaitheoirí ó Mhonaplacht Stáit na hIorua – Vinmonopolet. Tugadh cuireadh go hÉirinn do cheannaitheoirí dí ón National Alcohol Beverage Control Association USA mar chuid d'urraíocht Bhord Bia ar Chorn Ryder 2006, agus bhuaileadar le grúpa cuideachtaí dí le linn na cuairte.

Seirbhís Bia

I 2006, lean Clár Seirbhís Bia na RA lena chur chuige rathúil déleibhéal: ag tabhairt seirbhíse do chuideachtaí a bhí nua don mhargadh agus do chomhlachtaí atá ag soláthar don mhargadh cheana. Tá sé mar aidhm ag an gclár acmhainní cuideachtaí nua sa mhargadh a mhéadú sa chaoi gur féidir leo díriú go héifeachtach ar an margadh seirbhís bia sa Bhreatain. Tá sé mar aidhm aige freisin cuidiú le soláthraithe margaidh atá ann cheana tógáil ar na leibhéil díolacháin atá acu faoi láthair agus iad a chur in aithne do chustaiméirí nua poitéinsiúla.

I rith na bliana tionóladh ceithre thaispeántas ceannaitheoir isteach le Sodexho, Compass Group, Avenance agus Holryod Howe. Chomh maith leis seo tionóladh imeacht do sholáthraithe leis an ngrúpa Wolverhampton & Dudley, grúpa tábhairne 2,000 duine, i gceannáras na grúdlainne. Rinneadh breis agus 30 cur i láthair do cheannaitheoirí i rith na bliana, ceannaitheoirí ar nós 3663, Brake Brothers, Greene King and JD Wetherspoons. Ó thaobh an chur chun cinn scaipeadh eagrán UK Foodservice den Irish Food ar bhreis agus 750 ceannaitheoir lónadóireachta. Reáchtáil sé comórtas speisialta cur chun cinn do theagmhálacha trádála seirbhís bia chun freastal ar Chorn Ryder. Ag an ócáid féin eagraíodh cúrsa taistil speisialta do theagmhálacha trádála seirbhís bia na RA le breathnú ar an láthair ar fheidhmiú nuálach bia Éireannaigh i gcomhthéacs lónadóireachta aíochta corparáidigh agus poiblí araon.

Lean Bord Bia ag fiosrú agus ag forbairt deiseanna seirbhís bia nua do chuideachtaí Éireannacha ar mhargaí Eorpacha. Sampla amháin den ghníomhaíocht seo ab ea cuairt staidéir mhargaidh seirbhís bia Fhrancach. San áireamh anseo bhí cur i láthair ar mhargadh seirbhís bia na Fraince, ceardlann ar fhorbairt táirgí nua sainiúil don mhargadh agus scaipeadh Eolairí Bhord Bia ar Oibreoirí agus Dáileoirí Seirbhís bia na Fraince.

Gnóthais Bheaga agus Bianna Speisialtachta

Aithníonn Bord Bia tábhacht Gnóthais Bheaga agus Meánacha bia (SMEanna). Tá ról lárnach ag an earnáil seo mar cheapach síl nuála agus fáis don tionscal bia, dí agus gairneoireachta agus mar ranníocóir eacnamaíoch don gheilleagar tuaithe agus náisiúnta. Chuir suirbhé Bhord Bia ar chuideachtaí cliant i 2006 luacháil €475 milliún ar aschur gnóthais bheaga agus bia speisialtachta, sin ardú 10% ar an mbliain roimhe sin.

Le linn 2006 lean Bord Bia lena thacaíocht do ghnóthais bheaga agus bia speisialtachta tríd na cláir a bhí dírithe go speisialta ar úinéirí/bhainisteoirí SMEanna. Áirítear san obair seo cabhair straitéiseach don earnáil trí éascaíocht a dhéanamh ar Chomhairle TASTE, grúpa ionadaíoch de shlabhra bia ghnóthais bheaga agus speisialtachta á stiúradh ag an tionscal. Rinne Comhairle TASTE roinnt aighneachtaí ar son na hearnála maidir le rialúchán, nuáil, oideachas, turasóireacht bia agus forbairt tuaithe. Chuir fo-choiste dá chuid comhairle ar fáil faoi chomhar-obair Bhord Bia i margaí na bhfeirmeoirí, i dturasóireacht bia agus in oideachas bia agus bhí tionchar aige ar ár seirbhísí margaíochta ginearálta don earnáil.

Thug Bord Bia tacaíocht freisin do scéimeanna dámhachtana a thugann aitheantas d'fhorbairt ghnó chloch mhíle SMEanna bia agus a dhéanann ollghairdeas criticiúil ar fheabhas táirge bia. I 2006 rinneamar urraíocht ar dhámhachtain gnó bia Chomhlachas na gComhlachtaí Beaga agus rinneamar ostáil ar na Great Taste Awards go hoifigiúil mar chuid chomhtháite d'Fhóram Bia Speisialtachta Idirnáisiúnta Chill Mhaighneann.

Dhírigh Fóram Bia Speisialtachta Idirnáisiúnta Chill Mhaighneann ar an Deis do Bhia Réigiúnach. Thug sé 85 táirgeoir agus breis agus 150 ceannaitheoir ó na hearnálacha miondíola bia agus seirbhís bia in Éirinn agus sa Bhreatain le chéile. D'éascaigh an imeacht gnó nua ab fhiú €3 milliún é do SMEanna a bhí rannpháirteach, trí thaispeántas, comhdháil agus seirbhís mear-chleamhnais gnó. Bhí príomhthionscnaimh fhorbartha gnó i mbia speisialtachta de thoradh air le Superquinn, Dunnes Stores, Tesco Ireland, Waitrose, Wholefoods, Selfridges, agus Harvey Nichols.

Bhí Cill Mhaighneann mar chuid dhílis de chlár forbartha inniúlachta Bhord Bia d'úinéirí/bhainisteoirí ghnóthais bheaga bia. Áiríodh ar an gclálr seo tionscnaimh fhorbartha inniúlachta margaíochta tráchtála roimh agus i ndiaidh an deis díolacháin agus margaíochta a chuir an imeacht ar fáil.

Lean Bord Bia, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, ag cur sraith d'fhóraim Bia Réigiúnacha i bhfeidhm in Iar-Thuaisceart na hÉireann. Leathnaíodh an tionscnamh amach go dtí réigiúin nua, ag cur gréasáin bia réigiúnacha ar bun chun sochair táirgeoirí beaga bia.

Lean obair cheannródaíoch Bhord Bia ag forbairt malairt bealaí chuig an margadh i 2006. Thugamar tacaíocht oibríochtúil i gcomhar chun margadh na bhfeirmeoirí a chur ar bun, a reáchtáil agus a chur chun cinn in éineacht le hOifig na nOibreacha Poiblí, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus Pobal na Cathrach. Tugadh cuairt staidéir dhomhain ar an gcóras siopa feirme sa Bhreatain tráth a raibh Margadh Feirmeoirí Éireann á reáchtáil go rathúil i gCovent Garden i Londain.

D'infheistigh Bord Bia freisin in urraíocht ar oideachas creidiúnaithe ollscoile lena n-áirítear Ollscoil Bhia Mall na hEolaíochta Gastranómaí a thabhairt go hÉirinn agus Diplóma Choláiste na hOllscoile, Corcaigh i dtáirgeadh Bia Speisialtachta.

Gairneoireacht

Beacáin

Lean earnáil na mbeacán de bheith ag comhdhlúthú in ainneoin praghsanna a bheith ag titim le trí bliana anuas i margadh easportála fíorthábhachtach na Ríochta Aontaithe is gan ach 100 saothróir fágtha inti. Tá tairgeoirí beacán de chuid na Polainne agus na hOllainne fós an-iomaíoch sa Ríocht Aontaithe ach tá cruthaithe ag an tionscal in Éirinn go bhfuil teacht aniar agus tathag maith ann. Tá fadhbanna inmharthanachta cruthaithe ag an timpeallacht ró-iomaíoch sin do tháirgeoirí na hOllainne is a rá go bhfuil ceann de na cuideachtaí is mó – Heveco – curtha faoi riarachán anois. Tá dealramh air go mbeidh gealladh faoi chúrsaí amach anseo mar go meastar go n-ardóidh príomhghrúpaí na n-ollmhargaí sa RA a bpraghsanna chun inmharthanacht na hearnála a athbhunú agus chun a chinntiú go mbeidh leanúnachas ó thaobh soláthairtí ann.

Barra Cosanta

Is iad na trátaí agus an leitís an dá bharra is suntasaí fós san earnáil seo.Tá fadhbanna inmharthanachta ag baint do tháirgeacht na dtrátaí i gcónaí áfach mar gheall ar allmhairí ar chostas íseal ón Ollainn, ón Spáinn agus ón Pholainn is a rá go bhfuil saothróirí ag éagsúlú i dtreo nideoga a bhfuil luach níos airde leo, mar atá, táirgí ó thrátaí féithleoige.

Tá earnáil na leitíse ag déanamh go maith agus bíodh go raibh roinnt fadhbanna táirgeachta ann sa samhradh de dheasca an bhrothaill, chothaigh sé sin éileamh láidir ar an táirge seo.

Barra Torthaí

Is í an chatagóir úrtháirge is mó ó thaobh an tomhaltóra de ná torthaí. Úlla,citreas, bananaí, caora fíniúna, torthaí trópaiceacha,sútha talún agus piorraí na cinn is mó ráchairt. Úlla agus sútha talún an dá bharra torthaí is mó a tháirgtear in Éirinn.

Bhí bliain mhaith eile ag saothróirí úll agus scothúlla dearga so-ite na biaiste á gcur ar an margadh acu faoin mbranda margaíochta an Celtic Orchard. An taighde margaidh a rinne an Bord Bia ba bhun leis an mbranda sin a theacht os comhair an tsaoil ar dtús. I 2006 rinneadh tuilleadh taighde margaidh d'fhonn leathantas a thabhairt don bhranda i measc úlla cócaireachta Bramley. Mar gur éirigh chomh maith sin leis an mbranda Bulmers sa mhargadh áitiúil agus leis an mbranda Magners sa mhargadh easportála, tá deiseanna suntasacha ann anois chun úlla ceirtlise a shaothrú. De bharr gur éirigh chomh maith sin leis tá faobhar ar na táirgeoirí ceirtlise anois leanúnachas a chinntiú ó thaobh soláthairtí úll de sna blianta atá romhainn.

An t-éileamh láidir atá ar bharra na gcaor i gcónaí an ghné is suntasaí i dtaca leis an margadh atá ann le haghaidh torthaí boga. Sútha talún an barra is tábhachtaí go mór ach tá nideoga suntasacha ann maidir le sútha craobh,spíonáin,fraocháin ghorma agus cuiríní dearga. Rinne bliain mhaith táirgíochta di ó thaobh sútha talún agus bhí táirge de chuid na hÉireann ar fáil ar feadh 80% de bhiaiste an tsamhraidh. Is í saincheist na bpraghsanna atá fós ar bharr an liosta ar chlár oibre na dtáirgeoirí toisc praghsanna a bheith tite 6-7% glan de dheasca spreagthaí díolacháin 'beir-leat' agus toisc allmhairí a bheith ag brú síos praghsanna.

Earnáil na bPrátaí

Tríd is tríd ba bhliain an-deacair go deo ar tháirgeoirí prátaí 2006. Ba í 2006 an bhliain ba theo dá dtáinig riamh de réir na dtuairiscí. An líon heicteár a thug toradh uathu ná 12,000 agus os cionn 420,000 tonna (foinse:CSO) de mhéid táirgeachta acu. An-aimsir phrátaí a chur ab ea tosach na bliana, chomh maith le haon bhliain eile, ach cuireadh siar an t-ionú chun an príomhbharr a chur mar gheall ar an méid báistí a bhí déanta aige faoi Mhárta. In ainneoin na drochaimsire bhí barr leanúnach ann ach gan an caighdeán a bheith chomh maith céanna mar bhí cuid mhaith athfháis agus carra ann de dheasca an triomaigh.

Tá togra seolta ag Bord Bia, i bpáirtíocht leis na miondíoltóirí agus geallsealbhóirí tábhachtacha, chun catagóir na bprátaí a athbhreithniú agus chun straitéis fáis a chur i bhfeidhm. Ta an straitéis uileghabhálach agus tugann aghaidh ar chorrabhuais na saothraithe agus na miondíoltóirí. Tairgíonn sí malairt cur chuige i dtaca le díoltóireacht, praghsanna, agus spreagthaí díolacháin i leith chatagóir na bprátaí sa stór.

Rinne Fóram Idirnáisiúnta do Bhia Speisialtachta €3 milliún a chruthú ar ghnó nua do chuideachtaí rannpháirteacha.

Cathaoirleach Bhord Bia Angela Kennedy ag tabhairt aithisc don lucht éisteachta ag an 3ú Fóram Idirnáisiúnta do Bhia Speisialtachta, Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath, Bealtaine 2006. Tugann an fóram deis do 150 ceannaitheoir as Éirinn agus as an Ríocht Aontaithe bualadh le 80 cuideachta bia agus dí speisialtachta ó Thuaisceart agus ó Dheisceart Éireann.

Sa phictiúr ó chlé, Georgina Campbell, Údar agus Teresa Brophy, Bainisteoir Margaidh Éireann, Bord Bia in éineacht le Paul agus Claire Deevy, Úinéirí Richmond House agus buaiteoirí Ghradam Féile Bia 2006.

Bronnadh Gradam Speisialta Bhord Bia Best in Show i gcomhar le Gild Miondíoltóirí Bia den Scoth ar Ralph Haslam Uas ó Fheirm Orgánach Mossfield dá Gouda Aibí orgánach. Bronnadh an gradam air ag mórdhinnéar ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann a d'óstaigh Bord Bia.

Earnáil na dTorthaí Páirce

Ba bhliain dheacair í 2006 freisin don saothraí torthaí. An tEarrach fuar fliuch, beirfean an tsamhraidh agus fearthainn an fhómhair, bhí de thoradh orthu go léir go raibh fadhbanna níos mó ann ó thaobh lotnaidí/galair agus cultúir de. Tá corrlaigh ag laghdú de thoradh ar chostais a bheith ag méadú, rud a thug ar chuid mhaith saothraithe dul thar a riocht leis, nach mór, agus a chuir iachall ar chuid eile acu éirí as a bheith ag táirgeadh ar fad. Saothraítear suas le 4,000 ha de thorthaí páirce ar fiú thart ar €57 milliún iad ag geata na feirme. Tá fuadar faoi na saothraithe móra chun dul i dtreo barainneacht mhórscála, rud a fhágann go mbíonn sé ródheacair go minic ar na saothraithe beaga dul in iomaíocht leo. Tá Margaí Feirmeoirí ag teacht amach mar nós níos mó anois ar fud na tíre agus thart ar 120 acu ann ó cheann ceann.

Gairneoireacht Thaitneamhach

In ainneoin dianbhrú iomaíochta sa RA, arb é an príomh-mhargadh le haghaidh táirgí taitneamhachta é, choinnigh na saothraithe in Éirinn na leibhéil easportála suas agus táthar ag súil le méadú beag eile i 2007. Tugann suirbhé samplach a rinneadh ar na príomh-easportálaithe le fios gur fiú thart ar €6.7 milliún é. Rinneadh dul chun cinn sa bhreis i margadh Thuaisceart Éireann mar a bhfuil poitéinseal níos mó le sonrú. Cúiteamh éigin ab ea é sin ar na deacrachtaí a bhí ann maidir le díolacháin sa RA. Rinneadh dul chun cinn beag chomh maith i margaí na Stát Aontaithe agus na hÁise agus plandaí nua saotharlann-thógtha á dtabhairt isteach anois iontu.

Chuaigh roinnt de na príomh-phlandlanna trádála sa RA i ndísc toisc a leimhe a bhí margadh na dtomhaltóirí mar aon le cúinsí eile, lena n-áirítear costais bhreise iompair agus cuí-chóiriú a bheith á dhéanamh laistigh de shlabhra an tsoláthair.

Ba nós riamh anall acu cur leis an stoc a bhí fásta acu sa bhaile le stoc a thugtaí anall as Éirinn. Tá deacracht níos mó ann maidir le riachtanais sheirbhísí an cheannaitheora a fhreastal ó i bhfad.

Lena chois sin, tá brú níos mó ag teacht ó tháirgeoirí plandaí ón iasacht ar an margadh baile sa tslí go bhfuil gá le leibhéil táirgeachta níos airde d'fhonn sciar mhargaidh na hÉireann a choimeád. Níltear ag súil le haon fhás millteach a theacht ar tháirgeacht nó ar onnmhairithe na hÉireann mura dtagann méadú ar tháirgeacht bhaile nó mura mbíonn aon iontrálacha nua san earnáil.

Bhí an-ghlaoch ar chrainn Nollag sa mhargadh baile i 2006 toisc gannchúis mhór a bheith orthu san Eoraip. Tá suim thar cuimse léirithe ag ceannaitheoirí ón Ríocht Aontaithe, ón Fhrainc agus ón Ollainn agus iad ag brath cuid mhaith ar sholáthróirí crann as Éirinn anois. Bíodh nach bhfuil sé d'acmhainn fós ag saothraithe de chuid na hÉireann freastal ar an éileamh breise go léir, is maith an tuar é do 2007 nuair a bheidh órdaithe á gcur isteach i bhfad níos luaithe sa bhliain, rud a chothóidh seasmhacht ó thaobh praghsanna de. Déantar amach gurbh fhiú €5.7 milliún an méid a díoladh i 2006.

Ní dheachaigh méadú chomh mór ar an méid duilliúr gearrtha a díoladh is a rabhthas ag súil leis agus níor mhór idir na luachanna ginearálta díolacháin easportála agus na luachanna a sroicheadh i 2005, a bhí thart ar €4.8 milliún. Is ciotaí mhór i gcónaí é a theirce atá an bunábhar is a rá nach féidir linn freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí. Rinne an Roinn Talmhaíochta agus Bia dhá chinneadh bhunúsacha a mbeidh dea-thionchar acu ar 2007: Chinn an Roinn ar tháirgeacht duilliúr a cheadú ar shaintailte agus cheadaigh íocaíochtaí aonair a chnuasach ar 50% de na gabháltais.

Déanfar 61 heicteár a phlandú i 2007. Beidh soláthar breise ann ach a dtiocfaidh an 49 heicteár a cuireadh i 2003 agus i 2004 i gcrann, rud a chuirfidh 49 heicteár leis an méid a soláthraítear. Beifear ag súil go gcuirfear 300 heicteár leis an mbonn táirgeála i rith na dtrí bliana atá romhainn.

Tarraingíodh siar roinnt mhaith ceimicí ag leibhéal an AE a raibh feirmeoirí Éireannacha ag teacht i dtír orthu le blianta beaga anuas i dtaca le torthaí agus glasraí a tháirgeadh mar gheall ar Reachtaíocht 91/414 a tugadh isteach.

Is é fócas na reachtaíochta sábháilteacht tháirgí chosanta phlandaí a mhéadú. Leanann Bord Bia de bheith ag obriú leis an tionscal chun go mbeadh fáil níos mó ar tháirgí chosanta phlandaí i dtaca le táirgeacht ghlasraí agus thorthaí d'fhonn comhionannas san iomaíocht a chruthú le saothraithe sa chuid eile den Eoraip.

Sainaithníonn clár Bhord Bia ceimicí a gcuirtear i bhfeidhm ar bharra áirithe san Eoraip agus oibríonn le grúpaí saothraithe, cuideachtaí cheimiceáin agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia chun a chinntiú go mbeidh siad cláraithe in Éirinn.

Bainistiú Comhshaoil agus Bruscair

Leanadh den obair ar shaincheisteanna maidir le bainistiú bruscair agus comhshaoil i rith 2006. Bhí teagmháil rialta leis an Roinn Comhshaoil, an Ghníomhaireacht Chosanta Comhshaoil agus Teagasc chun saincheisteanna éagsúla a phlé agus chun réiteach a fháil orthu, lena n-áirítear: tionchar na treorach níotráití chun múirín caite ó na beacáin a dhiúscairt, saincheisteanna bolaidh i dtaca le tionscal táirgeachta múiríní agus ceisteanna a bhaineann le coimeádáin cheimiceáin a úsáideadh cheana féin a dhiúscairt.

Saincheisteanna Lucht Saothair Thalmhaíochta

Déanann Bord Bia monatóireacht leanúnach ar mhargadh an lucht saothair d'fhonn a chinntiú nach mbeidh forbairt an tionscail ar gcúl de bharr easpa oibrithe agus d'fhonn athruithe sa chóras a mholadh más gá. De bhrí gur osclaíodh an margadh saothair do stáit aontachais na hEorpa tá soláthar leanúnach oibrithe ar fáil do na tionscail dlúthfhostaíochta gairneoireachta.

Soláthraíonn Bord Bia eolas cothrom le dáta ar a láithreán gréasáin chun a chinntiú go mbeidh fostaithe agus fostóirí ar an eolas maidir lena gcearta agus a ndualgais i dtaca le pá a íoc.

Leanann Bord Bia de bheith ag tacú le Scéim Oibrithe Gairneoireachta Séasúrtha. Leis an scéim, tugtar micléinn gairneoireachta ó thíortha lasmuigh den AE-Eoraip agus ó thíortha aontachais go hÉirinn, cuirtear foinse d'oibrithe leathoilte ar fáil agus tugtar taithí mhaith oibre do na micléinn. Bíodh nár tháinig ach 161 macléinn i 2006, tá tuartha go dtiocfaidh i bhfad níos mó i 2007. Déanfaidh Bord Bia suirbhéireacht ar mhargadh saothair na gairneoireachta trí chéile in Éirinn i 2007.

Gairneoireacht a Chur ar Aghaidh

Éilíonn rialacháin de chuid an AE go gcaithfidh an tionscal na feachtais fógraíochta agus chur ar aghaidh a dtéann Bord Bia ina mbun a chómhaoiniú. Maidir le beostoc, déantar é sin trí thobhach reachtúil a chur i bhfeidhm. Níl aon tobhach dá leithéid in earnáil na gairneoireachta agus rinne Bord Bia coimisiúnú ar Goodbody Economic Consultants chun roghanna a scrúdú d'fhonn é a thabhairt isteach.

Cuireadh an tuairisc ó Goodbody amach go luath i 2006. Moladh go dtabharfaí tobhach reachtúil isteach dá bhféadfaí teacht ar shlí chothrom chun é a bhailiú. Cuireadh an chéad bhabhta de chomhráití ar bun leis na hearnálacha éagsúla gairneoireachta chun coincheap an tobhaigh a mhíniú agus chun próiseas comhairleoireachta a éascú d'fhonn formáid inghlactha a chomhaontú chun an tobhach a bhailiú. Ní móide ná go leanfaidh an próiseas sin ar aghaidh chomh fada le 2007 agus é mar bhunaidhm aige teacht ar chomhaontú i dtaca le córas chun tobhach a chur i bhfeidhm roimh dheireadh na bliana. Cuirfidh an cur ar aghaidh borradh tráthúil faoi gach earnáil ghairneoireachta.

Gníomhaíocht Chur Chun Cinn

Clár Bia Sláintiúil Food Dudes: Tugadh an clár píolótach seo atá cómhaoinithe ag an AE isteach i 50 scoil eile in 2006, agus leis sin cuireadh tús i Meán Fómhair 2006 leis an dara bliain dá théarma trí bliana. Tá sé leagtha amach le hiompar agus dearcadh leanaí a athrú go dearfach maidir le torthaí agus glasraí a ithe. Críochnaíodh an mheastóireacht ar bhliain a haon den chlár i mí Lúnasa. Léiríodh:

Ó Mhúinteoirí

- Thuairisc 99.1% de mhúinteoirí gur bhain leanaí taitneamh as a bheith páirteach sa chlár.
- Thuairisc 93% de mhúinteoirí go raibh tuismitheoirí ag cur níos mó torthaí i mboscaí lóin a leanaí, agus thuairisc 77% go raibh níos mó glasraí sna boscaí lóin.
- Thuairisc 88% de mhúinteoirí go raibh siad féin ag ithe níos mó thorthaí agus glasraí de bharr a chláir.
- Thuairisc 91% de mhúinteoirí go raibh siad in ann an clár a thabhairt isteach i gcuraclam na scoile.
- Thuairisc 99% de mhúinteoirí gur cheap siad go mbeadh buntáiste do shláinte leanaí in Éirinn i dtabhairt isteach an chláir i ngach bunscoil.

Ó Thuismitheoirí

- Thuairisc 90% de thuismitheoirí go raibh siad ag cur níos mó torthaí i mboscaí lóin a leanaí.
- Thuairisc 94% go raibh leanaí ag ithe níos mó torthaí agus glasraí sa bhaile de bharr an chláir.
- Thuairisc 85% de thuismitheoirí gur iarr a leanaí orthu tuilleadh torthaí agus glasraí a cheannach de bharr an chláir.
- Thuairisc 88% de thuismitheoirí go raibh siad féin ag ithe níos mó torthaí agus glasraí a bhonn laethúil de bharr an chláir.
- Cheap 99% de thuismitheoirí go mbeadh buntáiste i dtabhairt isteach an chláir i ngach bunscoil do shláinte leanaí in Éirinn.

D'aithin an Eagraíocht Domhanda Sláinte tábhacht an chláir mar bheart chun gníomhú in aghaidh raimhre agus thug Duais an WHO Chun Gníomhú in Aghaidh Raimhre 2006 dó. Bhí an clár seo ar cheann de naoi gclár a fuair an t-aitheantas seo as 202 iontráil ó 35 tír. D'fhógair an Rialtas ag deireadh 2006, tríd an Roinn Talmhaíochta agus Bia go mbeadh fáil ar an gclár i ngach bunscoil in Éirinn. Cuirfear tús leis an leathadh amach Náisiúnta in Aibreán 2007.

Léacht Chuimhneacháin David Robinson: Reáchtáladh an léacht choláiste bhliantúil, Léacht Chuimhneacháin David Robinson, ag Coláiste Kildalton agus ba é an Dr Raymond Wheeler ó rannán na mBitheolaíochtaí i NASA a thug an léacht. Tharraing an t-ábhar 'Gairneoireacht ar Mars', lucht féachana de 80 mac léinn ó choláistí gairneoireachta eile a d'fhreastail ar léacht spéisiúil agus údarásach ó scoth-chainteoir atá mar cheannródaí sa réimse.

Cur Chun Cinn Bláthadóireachta an AE: Chríochnaigh feachtas Chur chun cinn Bláthadóireachta an AE 'Garraíodóireacht – slí bheatha níos fearr' chun plandaí agus bláthanna ar an margadh baile a chur chun cinn in earrach 2006. Áiríodh anseo táirgeadh agus dáileadh bileoga eolais garraíodóireachta ar Ionaid Gairdíní ar fud na tíre le tacaíocht earnáil na nIonad Gairdíní. San áireamh anseo freisin bhí comhoibriú le tionscal an Stoic Phlandlainne do phlandaí a chur chun cinn d'áiteanna ar leith lasmuigh mar áiteanna a bhfuil an ghrian, scáth, nó taise. Dáileadh pacáiste bolscaireachta de chláir eolais, de bhileoga eolais agus de ghreamáin do photaí plandaí ar fhásóirí plandlainne agus rinne siadsan iad a dháileadh ar a gcustaiméirí sna hIonaid gairdíní.

Urraíocht

Bá é Bord Bia, faoi bhratach Ghairneoireacht Éireann, príomh-urraitheoir don Kildare Growers Show i mBaile Fuinse. Bhí an seastán laistigh comhdhéanta de cheithre mhodúl aonair a cuireadh le chéile chun ionad fáiltithe a chur ar fáil agus chun ionad seimineáir a éascú, ionad a úsáideadh chun torthaí Shuirbhé Taitneamhachtaí TNS/MRBI agus torthaí Shuirbhé na gCrann Nollag, a ndearna Bord Bia a choimisiúnú, a chur i láthair. Ina theannta sin, reachtáladh seimineár ar mharsantacht le linn an dá lá a raibh an taispeántas ar siúl.

Clár Tacaíochta Gnó

Chuir an Clár sin tacaíocht airgeadais ar fáil do chuideachtaí a raibh tionscadail acu a bhain le: hÁbhar Nua sa mhargadh, le Forbairt ar Tháirgí Nua, le Dearadh agus le Forbairt ar Phacáistiú; agus le Gníomhaíochtaí Margaíochta. Tugadh cúnamh airgeadais do cheithre iarratasóir ó earnáil na dtaitneamhachtaí tríd an Clár Tacaíochta Gnó agus bhí an tromlach acu sin ag iarraidh deontas ar mhaithe le bolscaireacht a dhéanamh ar a gcuid táirgí trí straitéisí a thabharfadh aitheantas dá mbrandaí, agus trí phacáistiú agus láithreáin ghréasáin a fhorbairt.

Clár Forbartha Gnó

Cabhraíonn an Clár sin le gnólachtaí a gcumas iomaíochta a ardú maidir leis an margadh baile agus leis na margaí eachtrannacha. Bíonn cúrsaí oiliúna éagsúla i gceist mar aon le seimineáir agus le ceardlanna a forbraíodh go speisialta chun díriú ar riachtanais an tsaothraí plandlainne, na gconraitheoirí tírdhreacha agus an Golf Course Superintendents Association.

I láthair ag seoladh Thionscnamh Prátaí Nuashéasúir de chuid Bhord Bia i mBaile Átha Cliath bhí an tAire Talmhaíochta agus Bia, Máire Ní Chochláinn TD, Alice McGlynn, Feidhmeannach Margaíochta Forbartha, Bord Bia agus príomhchócaire Brian Fallon. Léiríonn taighde Bhord Bia leis an méadú i dtomhaltas prátaí gurb é an práta fós an glasra is fearr le muintir na hÉireann.



Paul agus Orla Woods, Kilmurry Nurseries, Loch Garman in éineacht le Gary Graham, Feidhmeannach Margaíochta Forbartha, Gairneoireacht Thaitneamhach, Bord Bia. Ba iad Kilmurry Nurseries an chéad Phlandlann as Éirinn a chuaigh ar taispeántas ag an Chelsea Flower Show i Londain a bhfuil cáil ar fud an domhain air agus bronnadh bonn óir orthu. Rinne Gairneoireacht Éireann de chuid Bhord Bia urraíocht ar an taispeántas a bhuaigh an gradam.

Seolann Bord Bia sútha talún Éireannacha nuashéasúir don samhradh. I láthair ag seoladh Bhord Bia de shútha talún Éireannacha nuashéasúir ag Páirc Chearnóg Mhuirfean i mBaile Átha Cliath bhí an tAire Talmhaíochta agus Bia, Máire Ní Chochláinn TD; Michael Maloney, Stiúrthóir Gairneoireachta, Bord Bia agus Maisie-Jane Lunson atá ceithre bliana d'aois.

Bronnadh Duais an WHO Chun Gníomhú in Aghaidh Raimhre ar Chlár Bia Sláintiúil Food Dudes i 2006.

Dearbhú Cáilíochta

Tá Clár Dhearbhú Cáilíochta cuimsitheach ag Bord Bia don earnáil bia agus don earnáil ghairneoireachta in Éirinn. Tá ról ríthábhachtach ag an gclár sin maidir le táirgí bia agus gairneoireachta na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun cinn sna margaí domhanda. Áirítear ar na cuspóirí na caighdeáin is airde a leagan síos agus a chur chun cinn ag leibhéal an táirgeora agus ag leibhéal an phróiseálaí. Leis an gclár sin, cuirtear na tomhaltóirí ar a suaimhneas chomh maith faoi cháilíocht, faoi bhunús agus faoi shábháilteacht an táirge.

Tá an Clár Dhearbhú Cáilíochta comhdhéanta de scéimeanna cáilíochta in earnálacha tábhachtacha, maidir le táirgeadh bia agus gairneoireachta lena n-áirítear mairteoil, uaineoil, feoil éanlaith, uibheacha agus táirgí bia agus táirgí nach táirgí bia iad, araon, in earnáil na gairneoireachta. Bítear de shíor ag athbhreithniú na scéimeanna agus á dtabhairt cothrom le dáta d'fhonn riachtanais a bhíonn ag síorathrú a chur san áireamh mar aon le héileamh margaidh do scéimeanna a fheidhmíonn faoi fhorálacha an chaighdeáin idirináisiúnta EN45011. Déantar na scéimeanna a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhar leis an tionscal agus i gcomhar leis na príomhghníomhaireachtaí stáit.

I 2006 lean Bord Bia leis an Scéim Dhearbhú Cáilíochta Mairteola (BQAS) atá creidiúnaithe ag EN45011a leathadh amach, agus ceadaíodh líon suntasach de tháirgeoirí faoin scéim faoi dheireadh na bliana. Rinneadh gach táirgeoir a iniúchadh go neamhspleách agus tugadh creidiúnú dóibh faoi chaighdeán BQAS. Cuireadh an scéim chun cinn le cúnamh agus le tacaíocht ón tionscal, ó chomhlachtaí feirmeoireachta agus ó ghníomhaireachtaí stáit iomchuí. Chuir an Roinn Talmhaíochta agus Bia ciste speisialta ar fáil i 2006 chun tacú le hiniúchadh a dhéanamh ar fheirmeacha.

Rinneadh athbhreithniú ar Chaighdeáin Dhearbhú Cáilíochta Muiceola ag leibhéal an táirgeora agus ag leibhéal an phróiseálaí agus tugadh cothrom le dáta iad ag teacht le ceanglais EN45011. Cosúil le hearnáil na mairteola, déantar iniúchadh go neamhspleách anois ar tháirgeoirí. Tháinig ardú ar an líon a bhí rannpháirteach sa Scéim Dhearbhú Cáilíochta Sicíní i 2006. Bhí ról ríthábhachtach ag an scéim sin agus ag Scéim Dhearbhú Cáilíochta Uibheacha i dtaobh bolscaireacht a dhéanamh ar na táirgí sin agus maidir le hiad a chur chun cinn sa mhargadh baile. Ba é ceann de mholtaí an Ghrúpa Straitéise um Fhorbairt ar Thionscal na gCaorach ná gur chóir scéim cáilíochta a chur i bhfeidhm i gcás uaineola, scéim a bheadh ar chaighdeán EN45011. Rinneadh caighdeán d'earnáil na gcaorach a thiomsú agus a thionscnamh i 2006. Beidh sé bhfeidhm i 2007.

Tá Scéim Dhearbhú Cáilíochta Bhord Bia i leith táirgí bia gairneoireachta creidiúnaithe do chaighdeán EN45011. Is é Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) a dhéanann cigireacht agus deimhniúchán neamhspleách ar thairgeoirí. Tá scéim cháilíochta i bhfeidhm freisin d'earnáil na nglasraí réamh-ullmhaithe agus tá líon na rannpháirtithe sa scéim ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana. Tríd an NSAI, lean Bord Bia ar aghaidh ag éascú don earnáil onnmhairithe beacán deimhniúchán, maidir le caighdeáin shainiúla a mbíonn custaiméirí á n-éileamh, a bhaint amach.

Clár Cáilíochta Tírdhreacha: Forbraíodh Clár Cáilíochta Tírdhreacha Bhord Bia agus dlúthobair á déanamh le Cumann Conraitheoirí Tírdhreacha na hÉireann agus seoladh an clár sa bhliain 2004. Is clár deonach atá ann atá leagtha amach chun freastal ar chuideachtaí beaga mar aon le cuideachtaí móra. Tá formáid an chláir mar fhormáid chláir Cáilíochta Áiseanna de chuid Bhord Bia eile agus leis sin déanann comhairleoir sainoilte é a iniúchadh faoi dhó sa bhliain. Tá líon na rannpháirtithe méadaithe ó rinneadh na chéad iniúchtaí píolótacha ar 16 rannpháirtí sa bhliain 2006. Baineadh amach na chéad seacht nGradam Cáilíochta agus na chéad trí Theastas Fiúntais don Chlár Cáilíochta Tírdhreacha sa bhliain 2006.

Gradaim Cháilíochta d'Ionaid Gairdíní: Tá Gradaim Cháilíochta Bhord Bia d'Ionaid Gairdíní fíorthábhachtach maidir le caighdeáin in ionaid gairdíní ar fud na hÉireann a fheabhsú le 15 bliain anuas. Leis na gradaim, leagtar caighdeáin síos don tionscal ar féidir iad a bhaint amach agus tugtar luach saothair d'ionaid ina ndéantar iarracht an caighdeán is fearr a bhaint amach i gcónaí. D'éirigh le dhá ionad gairdíní an gradam is airde – cúig réalta – a bhaint amach. Bhí ceann de na hionaid sin, Arboretum Lifestyle & Garden Centre, mar an buaiteoir náisiúnta den ghradam Ionad Gairdíní na Bliana (catagóir d'ionaid bheaga).

Fóram an Bhranda ó chlé i láthair ag Stóras Guinness i mBaile Átha Cliath bhí Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach, Bord Bia; Greg Butler, Barry's Tea agus Joe O'Flynn ón mBord Déiríochta – Kerrygold. Ba é téama an tseisiúin "Built to Last" – The Value of Conviction, Consistency and Long Term Strategy in Brand Building.

Bord Bia
Irish Food Board

Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Mairteola – i láthair i gCill an Dátúnaigh, bhí Pádraigh Walshe, Uachtarán an IFA; An tAire Talmhaíochta agus Bia, Máire Ní Chochláinn TD; Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach, Bord Bia agus Dan Brown, Stiúrthóir Bainistíochta; Dawn Meats.

Tá níos mó ná 120 comhalta ag Fóram Branda Bhord Bia anois.

Fóram an Bhranda – Tara McCarthy, Bainisteoir Sinsearach, Bia agus Deochanna Tomhaltóirí, Bord Bia.

Clár Cáilíochta Plandlainne: Is scéim dhearbhú cáilíochta dheonach é Clár Cáilíochta Plandlainne Bhord Bia atá leagtha amach chun cuidiú le plandlanna na hÉireann sárchleachtas a bhaint amach maidir le táirgeadh barra plandlainne tráchtála agus córais bhainistíochta. Leis an scéim, leagtar amach Cód Cleachtais chun gnólachtaí plandlainne a rith go héifeachtúil agus cuirtear caighdeán ar fáil le go bhféadfar gnólachtaí plandlainne a mheas. Bhí 26 plandlann rannpháirteach sa chlár i mbliana agus bhain 14 an Gradam Cáilíochta amach agus bhain 14 Teastas Fiúntais amach. Is ionann sin agus sé ghradam breise anuas ar na 18 gradam a bronnadh sa bhliain 2005 agus léiríonn sé chomh tiomanta is atá lucht plandlainne dul i dtreo an tsárchleachtais.

Féile Bia – Feirm go Forc Deimhnithe

Is clár deonach é Féile Bia d'asraonta seirbhísí bia a chabhraíonn leo eolas a chur ar fáil dá gcustaiméirí faoi conas a fhaightear an bia a thugann siad amach agus cad as a dtagann sé. Faigheann comhaltaí a gcuid feola agus uibheacha ó sholáthróirí faoi scéimeanna aitheanta Dearbhaithe Cáilíochta nó sholáthróirí ar scála beag lena n-áirítear búistéirí a bhfuil cead rialála acu. Tá Clár Dearbhaithe Cáilíochta de chuid Bhord Bia á leathnú amach chun go mbeadh búistéirí san áireamh ann.

Tar éis athbhreithniú neamhspleách, tá an Clár neartaithe ar roinnt bealaí:

- Tá iallach ar chomhaltaí tír bhunaidh na dtáirgí feola agus uibheacha incháilithe a léiriú ar an mbiachlár nó ar mhodh comhchosúil ó Eanáir 2007. Tugadh reachtaíocht isteach in earnáil na seirbhíse bia i 2006 a cheanglaíonn ar gach asraon lónadóireachta eolas a chur ar fáil faoi thír bhunaidh na feola atá á thabhairt amach.
- Tá fócas níos mó ar chomhaltaí Fhéile Bia a spreagadh táirgí ceadaí a aimsiú agus béim a leagan orthu ina gcuid biachlár.
- Tá nósanna imeachta nua iniúchta curtha ar bun. Faigheann gach iarratasóir túsmheasúnú chun a gcomhlíonadh le caighdeán Fhéile Bia a chinneadh sula mbeidh siad ina gcomhaltaí. Faigheann comhalta amháin as triúr measúnú fógartha gach bliain agus faigheann 20% de chomhaltaí breise spotseiceáil nach bhfuil fógartha. Ina theannta sin, tá ar gach comhaltaí féinmheasúnuithe bliantúla a dhéanamh. Bronnadh an conradh chun measúnuithe a dhéanamh ar SWS Group.
- Tugadh isteach táille bhliantúil comhaltais le cuid de na costais iniúchta agus margaíochta a íoc.

Lean gníomhaíochtaí margaíochta le cur le feasacht tomhaltóirí faoi Fhéile Bia agus iad a spreagadh chun ithe in áiteanna tomhaiste. Bhí feachtas náisiúnta fógraíochta agus CP ar bun ag an am céanna leis an gComórtas Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair. Lean feachtas fógraíochta faoin spéir 'Déan Ceiliúradh ar Nollaig i mBialann Fhéile Bia' é sin agus thug preas náisiúnta agus áitiúil chomh le fógraíocht ar raidió tacaíocht dó sin.

Éire, Oileán an Bhia

Thug Corn Ryder deis ar leith do Bhord Bia cur le feasacht idirnáisiúnta faoi 'Éire, Oileán an Bhia'. Chuir an teachtaireacht cumarsáide íomhánna de thimpeallacht nádúrtha ghlan le haghaidh táirgeadh bia trasna agus leag sé béim ar chumas an tionscail a phróiseálann na mbunábhar sin. D'ardaigh Bord Bia próifíl a urraíochta trí thionscnaimh bhrandála fheiceálacha chruthaiteacha. Ba é an bhunaidhm Éire a nascadh le cultúr láidir bia nádúrbhunaithe.

Bhí 'Oileán Bia', oileán i gcruth na hÉireann a bhí ar snámh, suite ar an loch idir an tríú mínleach déag agus an cúigiú mínleach déag. Bhí sé maisithe le plandaí, duilliúr, féara agus caonach a fuarthas go háitiúil agus rinneadh é a thírdhreachtú mar léiriú amhairc ar áilleacht nádúrtha na hÉireann.

Baineadh úsáid as an Oileán Bia mar croí-phíosa amhairc le haghaidh deiseanna grianghrafadóireachta agus agallaimh. Ba é fócas an ghairdín bord taispeána agus gné uisce a léirigh Éire Oileán an Bhia, a dhearadh chun láithreacht urraíochta Bhord Bia a chur in iúl agus tacaíocht na heagraíochta d'earnáil ornáideach gairneoireachta a chur chun cinn.

Shroich brandáil Éire Oileán an Bhia raon teilifíse de níos mó ná 450 milliún teach amach i níos mó ná 40 tír. Meastar go bhfuil luach fógraíochta de thart ar bhreis is €2 milliún ag gabháil le clúdach fabhrach den sórt sin do chuideachtaí bia agus dí na hÉireann.

Fóram an Bhranda

Meastar gurb é Fóram Branda Bhord Bia an t-údarás ceannasach ar bhrandáil bhia agus dí na hÉireann. Tá sé sa seachtú bliain agus agus tá 150 cuideachta bia agus dí mar chomhaltaí de, idir fhiontair bheaga agus cuideachtaí ilnáisiúnta. Ta an Fóram tiomanta brandaí níos fearr a chothú agus cabhrú le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann gnónna níos láidre a thógáil tríd an mbrandáil, trí theacht ar a ghréasán eolais, saineolais agus comhairle.

Ba í 2006 an bhliain ba tháirgiúla go fóill agus bhaineamar leibhéil nua sármhaitheasa agus gníomhaíochta amach. Chruthaíomar féiniúlacht nua chorparáideach don Fhóram agus d'fhoilsíomar Leabhar faoi Bhrandaí Bia agus Dí na hÉireann le cuideachtaí comhlachais a bhaint amach.

Is é cloch coirnéil an Fhóraim imeachtaí náisiúnta ráithiúla agus imeachtaí Réigiúnacha débhliantúla a mheallann cainteoirí tionscail ar ardchaighdeán ó chuideachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Áirítear ar na buaicphointí ó 2006 cuir i láthair ó Barrys Tea, Diageo, Kerrygold, Dairycrest, Tesco agus An tOllamh David Hughes agus spreagaitheasc ón Dr Michael Smurfit, i gcomhar le hurraíocht Chorn Ryder ó Bhord Bia.

I 2006, thosaigh Fóram an Bhranda ag fairsingiú a thionchair leis na meáin agus cúrsaí léinn a chlúdach. Is é an aidhm go bhféachann scoth na dtallann i measc iarchéimithe ar thionscal an bhia mar rogha inmharthana gairme agus le híomha phoiblí na hearnála a neartú.

D'éirigh go maith le Fóram an Bhranda raon ceardlann branda nua a chur i bhfeidhm, cinn mar Phleanáil Margaidh, Caidreamh Poiblí agus seirbhísí brandaí cliant saincheaptha nua, mar eMarketing. Spreag na gníomhaíochtaí sin comhaltaí ó thaobh na gcleachtas is fearr sa mhargadh. Bhí Treoir nua eMhargaidh i gceist le hobair eile an Fhóraim agus nuachtlitir branda démhíosacháin.

Seirbhísí Imeachta

D'eagraigh Roinn Seirbhísí Corparáideacha Margaidh Bhord Bia 44 imeacht i 2006, lena n-áirítear bainistíocht tionscadail ar rannpháirteachas na hÉireann ag 19 taispeántas ar fud an domhain. Leanann rannpháirteachas ag taispeántais i margaí idirnáisiúnta ag méadú agus trí seó nua ann i 2006. Áirítear orthu sin san India, FHC i Shanghai agus MEE i Dubai. Áirítear ar imeachtaí idirnáisiúnta eile SIAL na Síne, Taispeántas CIMIE agus an Chomhdháil Idirnáisiúnta Déiríochta i Shanghai.

Is gné ríthábhachtach iad taispeántais earnála sa mheascán margaidh, go háirithe do thionscal bia tomhaltóirí. Ina measc siúd a d'eagraigh Bord Bia bhí Health Ingredients Europe, Vitafoods International agus TFWA. Ghlac na hearnálacha feola agus déiríochta páirt ag seónna ceannais ar nós Cibus i Parma, an Iodáil, Sial i bPáras agus World Food Moscow. Ghlac 65 cuideachta Éireannacha san iomlán páirt ag seastáin eagraithe ag Bord Bia ar fud an domhain.

Is ar dhá phríomhchuspóir a bhí urraíocht Bhord Bia ar Chorn Ryder in Éirinn dírithe: gnó a thógáil do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann agus feasacht dhomhanda a thógáil ar bhranda 'Éire, Oileán an Bhia'. Comhlíonadh an dá chuspóir seo le gnó láithreach €15 milliún agus níos mó ná €2 milliún i gclúdach coibhéiseach fógraíochta.

Chuir Bord Bia agus tionscal na hÉireann siamsaíocht ar fáil do níos mó ná 400 ceannaitheoir iasachta ag an K-Club agus roinnt acu rannpháirteach i i gcúrsa taistil tiomnaithe. Tá feidhmeannaigh thar lear de chuid Bhord Bia ag obair chun an dea-thoil agus eolas breise seo a aistriú go gnó inbhraite.

Bhí an bia agus an deoch ag na príomhimeachtaí ar chaighdeán den chéad scoth. Bhí an t-aiseolas ó aíonna agus iad siúd a bhí i láthair an-dearfach. Chuaigh feolta na hÉireann i bhfeidhm chomh mór sin ar na príomhchonraitheoirí lónadóireachta go bhfuil siad ag iarraidh iad a úsáid arís ag imeachtaí ardphróifíl eile thar lear. Déanfaidh mórthaispeántais cosúil leis seo go leor chun tógáil ar chlú agus ar cháil fheoil na hÉireann go hidirnáisiúnta.

Chuir Bord Bia clár cuimsitheach caidrimh phoiblí i bhfeidhm ag an K-Club le leas a bhaint as aird idirnáisiúnta meán as cuimse ag an imeacht. D'éirigh go hiontach leis an tréaniarracht dhírithe sin, agus fuarthas méid mór clúdach idirnáisiúnta go háirithe maidir le caighdeán bhia agus dheoch na hÉireann agus tionscnaimh bhrandála ar-chúrsa. Aisti féin fuair an ghné Oileán Bia ag an 13 Plásóg 7,603 soicind clúdach ar fud an domhain.

Rinne an roinn Seirbhísí Corparáideacha Margaidh bainistiú ar loighistic rannpháirteachas Bhord Bia sa Chorn Ryder mar aon le Fóram Bia Speisialtachta i gCill Mhaighneann, inar cuireadh 84 cuideachta (74 PnahÉ agus 10 TÉ) ar taispeáint.

I 2006, eagraíodh 21 comhdháil/seimineár agus imeachtaí corparáideacha. Áirítear orthu sin an Chomdháil Náisiúnta Éanlaith Clóis, Seimineár na Margaí Feola, Fóraim Bia Lár Tíre agus Oirthir, agus an Fóram Comhábhar Déiríochta. Ba iad na searmanais bhronnta a bhainistigh an roinn ná Dámhachtana Náisiúnta Táirgeoirí, Dámhachtana Bia Gairneoireachta agus Dámhachtana Ionad Garraí & Plandlainne. Leanann seirbhísí na roinne ag fáil rátaí arda sástachta i suirbhéanna neamhspleácha a bhíonn coimisiúnaithe ag Bord Bia.

Seirbhísí Eolais

Seachadadh roinnt mórthionscadal le linn 2006 mar chuid de chuspóir straitéiseach Bhord Bia a bheith mar nasc idir deiseanna margaidh agus tionscail bhia, dí agus gairneoireachta áineasa na hÉireann.

- Is tionscadal tábhachtach é Treochtaí Nós Maireachtála Tomhaltóirí le creat a bhunú inar féidir le Bord Bia monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus súil a choimeád orthu le himeacht ama. D'aithin an tionscal sé mhórchatagóir de threochtaí a rachaidh i bhfeidhm ar thomhltas tháirgí bia agus dí ar fud an domhain. Cuireann an tionscadal ar chumas cuideachtaí eolas a chur ar na catagóirí agus na treochtaí sin de réir mar a dhéantar monatóireacht orthu. D'fhéadfaí an t-eolas a úsáid chomh maith le tionscadail eile a bhaineann le nuáil agus le forbairt táirgí nua a chomhlánú. Déantar na sonraí ina n-iomlán ar Thairseach Cliant Bhord Bia arb é ár n-eislíon é do lucht déanta bia agus dí.

- Rinneadh tionscadal i gceithre mhargadh ó Mhór-roinn na hEorpa ag úsáid ionstraim suirbhé bunaithe ar an idirlíon cosúil leis na cinn sin inár staidéir PERIscope (Ag Ceannach agus ag Ithe i bPoblacht na hÉireann). Leag sé béim ar dhearcadh an-difriúil i leith bia sna margaí difriúla. Cuireadh torthaí an tionscadail seo i láthair ag aonach trádála SIAL i mí Dheireadh Fómhair.

- Cuireadh dhá staidéar i láthair ag Lá Thionscal an Bhia i mi na Samhna. D'fhéach ceann amháin acu ar Mhiondíoltóirí na Mór-roinne ag iarraidh iad siúd a aithint a bheadh in ann seirbhís a dhéanamh ó bhunáit Éireannach go díreach, gan dáileoir áitiúil nó fochuideachta díolacháin a bheith de dhíth. D'fhéach na cinn eile ar nósanna siopadóireachta sa Bhreatain, i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann i dtéarmaí rogha stór agus seiceáil lipéid.

- Rinneadh iniúchadh ar mhargadh na hÉireann do tháirgí gairneoireachta ag leibhéil trádála agus tomhaltóirí. Bhain an ceann deireanach le féachaint dhébhliantúil ar úsáid agus dearcadh tomhaltóirí i leith gairneoireacht inite.

- I dteannta leis an gclár sin de thuairiscí réamhghníomhacha agus foilseacháin eile cosúil lenár Monatóir Margaidh seachtainiúil, rinne ár bhfoireann fiosrúcháin seirbhísiú ar níos mó ná 1,700 fiosrú ó dhéantóirí bia agus dí araon agus ar lear mó páirtithe eile a raibh suim acu i bhforbairt an tionscail.

Margaíocht Airgeadais

Le linn 2006, lean Bord Bia an feidhmiú ar thrí chlár deontais margaíochta, a bhfuil baint ag gach ceann acu le fiontair bheaga agus meánfhiontair amháin. Thug an Clár Cabhrach Feabhsaithe Margaíochta tacaíocht do ghnólachtaí beaga a raibh baint acu le sainbhianna a dhéanamh, ar a n-áirítear cáiseanna feirme, bithiógairt, táirgí déiríochta fuaraithe, subha, gairneoireacht agus charcuterie inite. Thug an Clár Rannpháirteachas Margaidh tacaíocht do chuideachtaí cabhairdheontais a dhéanann earraí bia eile, milseogra, seacláid, anlanna agus deochanna alcólacha den chuid is mó. Faoin gClár Tacaíochta Gnó, tugadh cúnamh do chuideachtaí beaga a raibh baint acu le gairneoireacht áineasa a ngníomhaíochtaí margaíochta a fheabhsú. I 2006, fuair Bord Bia 80 iarratas san iomlán ar chabhair deontais, a bhfuair 63 acu deontais íoctha de luach €275,240 ar an iomlán.

Cláir Thuaidh Theas

Ag éirí as moltaí ón gComhphobal Feidhmiú Straitéise Bia i dTuaisceart Éireann, bhunaigh Invest Northern Ireland (INI) agus Bord Bia Comhaontú Idirghníomhaireachta chun obair a dhéanamh ar roinnt réimsí clár. Tá an INI mar gníomhaireacht cheannasach atá freagrach as forbairt margaidh bia agus dí i dTuaisceart Éireann. Beidh an comhaontú beartaithe leis an INI dírithe ar earnálacha atá comhlántach agus nach bhfuil in iomaíocht lena chéile go háirithe bia tomhaltais agus bia speisialtachta. Ritheann Bord Bia comhchláir chomh maith le roinnt gníomhaireachtaí eile i dTuaisceart Éireann lena n-áirítear Cumann Bia & Dí Thuaisceart Éireann agus Intertrade Éireann.

Aidan Cotter
Príomhfheidhmeannach

Aidan Cotter, Príomhfheidhmeannach Bhord Bia, in éineacht le Gerard Brickley, Bainisteoir Rannóg na Feola, Bord Bia ag Seastán um Dhearbhú Cáilíochta Bhord Bia ag Cill an Dátúnaigh.

I láthair ag an Tríú Fóram Idirnáisiúnta do Bhia Speisialtachta de chuid Bhord Bia bhí Myrtle Allen ar a bronnadh Gradam Éachta Saoil na Comhairle TASTE aréir. Is bean feachtais í Myrtle Allen, a bhfuil tionchar fairsing aici in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, do bhia agus do chócaireacht cheardaí Éireannach le hos cionn 30 bliain anuas.

Muiris Kennedy, Stiúrthóir Seirbhísí Margaíochta, Bord Bia, ag labhairt dó ag an Tríú Fóram Idirnáisiúnta do Bhia Speisialtachta.

Cuireann Bord Bia ardcháilíocht chun cinn ar fud na n-earnálacha go léir.

Ráiteas Faoi Fhreagracht Chorparáideach

Seamus Kenny,
Rúnaí/Stiúrthóir,
Bord Bia

Rialú

Ghlac Bord Bia Cód Cleachtais do Rialú comhlachtaí Stáit 2001 agus forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Tá an Bord tiomanta na caighdeáin is airde de chleachtas is fearr ó thaobh Rialaithe Corparáideach a chothú agus déanann sé monatóireacht ar chomhlíonadh ar bhonn leanúnach. Tá an Rúnaí/ Stiúrthóir freagrach don Bhord ó thaobh a chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm agus go gcomhlíontar reachtaíocht, rialúcháin agus treoirlínte cuí.

Eiticí & Caighdeáin

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 á gcur i bhfeidhm.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Is eagraíocht fhorordaithe é Bord Bia faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a bhunaigh trí cheart nua reachtaíochta:

- Ceart dlíthiúil do gach duine teacht ar eolas atá ag comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil do gach duine eolas oifigiúil a bheith acu ó chomhlacht poiblí a bhaineann leis/léi féin, leasaithe i gcás go mbeidh sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach;
- Ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil do chinntí a bhaineann le duine a thógann comhlacht poiblí.

Comhionannas

Tá Bord Bia tiomanta comhionannas deiseanna a chinntiú agus tá a chláir forbartha foirne agus pearsanra struchtúrtha dá réir. Déanann Bord Bia a dhícheall cabhrú le foireann maidir le riachtanais ghairme agus phearsanta feidhmíonn siad polasaithe cuí ag clúdach réimsí cosúil le cláir oideachasúla, saoire staidéir, roinnt post agus sosanna gairme.

Tá polasaí i bhfeidhm maidir le ciapadh gnéis chun tacú le dínit gach duine agus chun iad a chosaint.

Tá Bord Bia tiomanta polasaí Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú san Earnáil Phoiblí. Rinneadh forálacha breise sainiúla do chuairteoirí faoi mhíchumas agus Ionad Bia Bhort Bia á thógáil.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Tá forálacha do reachtaíocht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair á gcur i bhfeidhm ag Bord Bia, lena n-áirítear ullmhú agus feidhmiú Ráiteas Sábháilteachta (agus Léiriú Intinne agus Doiciméad Polasaí) a théann i ngleic le gach ábhar a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas foirne agus cuairteoirí ar áitribh Bhord Bia.

Cairt Cliaint

Tá Cairt Cliaint ag Bord Bia a leagann amach a thiomantas maidir le Prionsabail do Sheirbhís Custaiméirí ar Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliaint na hEarnála Poiblí. Tá an Chairt tacaithe ag Plean Gnímh agus a nósanna imeachta inmheánacha iomchuí a thugann éifeacht phraiticiúil don tiomantas sin.

Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh a bheith éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus bearta caomhnaithe agus athchúrsála cuí a fheidhmiú.

Freagrachtaí Boird

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord "keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Finance, all proper and usual accounts of monies received or expended by it, including an Income and Expenditure Account, a Cash Flow Statement and a Balance Sheet and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Finance shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board." (Nóta: Níl aistriúchán oifigiúil ar fáil).

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

1. Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go go seasta.

2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna.

3. Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas i gcás go bhfuil sé míchuí a bheith den tuairim go leanfaidh an Bord i bhfeidhm.

4. Dearbhú ar leanadh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachta ábhair a nochtadh nó a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád, a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bharr, as bearta réasúnta a thógáil cosaint in aghaidh calaoise agus í a bhraith.

Tá Coiste Iniúchta an Bhoird ann ar a bhfuil rochtain iomlán gan chosc ag an Iniúchóir Inmheánach agus Iniúchóir Seachtrach.



Angela Kennedy
Cathaoirleach

Aidan Cotter
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Thar ceann an Bhoird ag Bord Bia, admhaím an fhreagracht atá orainn cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialú airgeadais inmheánach a choinneáil sa siúl agus a fheidhmiú.

Dearbhú réasúnach seachas dearbhú críochnúil is féidir a chur ar fáil leis an gcóras go ndéantar cosaint ar shócmhainní, údarú agus taifeadadh mar is ceart ar bhearta airgeadais agus cosc ar earráidí nó ar neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Tá bearta déanta ag an mBord chun cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Shainmhíniú soiléir ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí bainistíochta;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Cultúr na freagrachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a shonrú agus a mheas trí

- Nádúr, oiread agus tionchar airgeadais na rioscaí a bheadh ann don chomhlacht a shonrú lena n-áirítear oiread agus catagóirí na rioscaí a mheasfaí a bheadh inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóigh go dtarlóidh rioscaí sonraithe;
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ar spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht leis na straitéisí atá ag an mBord chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta rialta, de nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt agus de chóras tairmligthe agus freagrachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach agus buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais in gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a shocrú le feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh eisfhoinsithe ag Bord Bia, a oibríonn de réir an Chreat-Chóid Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Tagann obair an iniúchta inmheánaigh faoi anáil anailíse ar an riosca dá nochtaítear an comhlacht agus bíonn na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Forordaíonn Coiste Iniúchta an Bhoird an anailís riosca agus Plean an Iniúchta Inmheánaigh agus aontaíonn an Bord iad freisin. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil ar fáil don Bhord maidir le bearta an iniúchta inmheánaigh ar a laghad uair sa bhliain. Tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh mar chuid den tuarascáil sin.

Tagann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais iniúchta faoi anáil obair an Iniúchóra Inmheánaigh, obair Choiste Iniúchta an Bhoird a dhéanann maoirseacht ar an iniúchóir inmheánach, obair bhainisteoirí feidhmiúcháin taobh istigh de Bhord Bia ar a bhfuil freagracht maidir le creat an rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil agus na dtuairimí a luann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006.

Thar ceann an Bhoird



Angela Kennedy
Cathaoirleach

Bord Bia – An Bord

1

16


17

2

3

4

5

6

7

8

9

10

11

12

13

14

15

Amhail an 31 Nollaig 2006

1 Angela Kennedy
Cathaoirleach
Comhbhunaitheoir,
Megazyme International

3 Marian Byrne Uasal
Príomhoifigeach, An Roinn Talmhaíochta agus Bia

5 An tUas Ray Carolan
Táirgeoir muc agus tógálaí beithíoch

6 An Dr Noel Cawley
Cathaoirleach, An Chónaidhm Idirnáisiúnta Déiríochta – Éire

7 An tUas Kieran Dunne
L & K Dunne Nurseries

9 An tUas Joseph Hyland
Stiúrthóir Bainistíochta,
Irish Country Meats

10 An tUas Michael Kilcoyne
Cathaoirleach, Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann

11 An tUas John Malone
Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta agus Bia

12 Katherine O'Leary Uasal
Feirmeoir Déiríochta agus Múinteoir Tís Páirtaimseartha

13 An tUas Mel O'Rourke
Sylvan Ireland

15 An tUas Padraig Walshe
Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

16 Aidan Cotter
Príomhfheidhmeannach

17 Seamus Kenny
Rúnaí/Stiúrthóir

Athruithe i rith na bliana 2006

Arna gCeapadh an Feabhra 1, 2006
Marian Byrne Uasal (athcheaptha)

An tUas Jackie Cahill,
Uachtarán, Cumann Soláthraithe Bainne Uachtarlainne (ICMSA)

An tUas Michael Kilcoyne (athcheaptha)

An tUas Mel O'Rourke

An tUas Padraig Walshe

Téarma in éag an 8 Iúil 2006
An Dr Noel Cawley (athcheaptha an 5 Meán Fómhair, 2006)

